www.louthcoco.ie
@louthcoco



Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **2019**

**Do** Chomhairle ar son **Do** Phobail





Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# CLÁR


1. Réamhrá 4
2. Seirbhísí Corparáideacha & Éigeandála 16
3. Tithíocht agus Cáilíocht na Beatha 28
4. Pleanáil, Bonneagar, Forbairt Eacnamaíoch & Gnóthaí Eorpacha 58
5. Oibríochtaí agus Bainistíocht Dramhaíola / Comhshaol 72
6. Aguisíní

# 1

Réamhrá

Brollach

Foramharc

2019 In Amharc Amháin

Na Comhaltaí Tofa




Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# Réamhrá



**Liam Reilly**
**Cathaoirleach**


Pribhléid a bhí ann, uair amháin eile, gníomhú mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú in 2019 agus bheith ar an gcéad Chathaoirleach a rinne dhá théarma as a chéile ó aimsir an Chomhairleora John McConville i 1987. Chuir an téarma dúbailte seo leanúnachas ar fáil don phobal fad a bhí athruithe á ndéanamh. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh mo chomhghleacaithe nua a toghadh ar an gComhairle i dtoghchán áitiúil na Bealtaine, agus buíochas a ghabháil leo siúd a d'fhág in 2019.

Tá Lú lán spiorad nuálaíochta agus pobail agus is léir seo tríd an mhórchuid tionscnamh pobail a bhíonn ar siúl ó cheann ceann na bliana, ag tabhairt daoine le chéile in iarracht i bpáirt. Bhí áthas orm ról a bheith agam i mórchuid diobh, lena n-áirítear na Gradaim Ag Féachaint go Maith, Gradaim Mórtas Áite an IPB, agus seoladh Taisce Lú, ina dtugtar rochtain ar líne ar bhailiúcháin Lú, a sheodlann. Ba chúis áthais é an spéis a cuireadh sa tSeachtain Áitiúil Fiontair.

Tugadh isteach plean corparáideach nua i bhforbairt thábhachtach eile sa bhliain agus táim buíoch d'fheidhmeannacht na comhairle as an obair a rinne siad air seo. Is doiciméad tábhachtach é seo de bhrí gur ann a gheofar ár bhfís chomhpháirteach don chontae ar fad sna chéad chúig bliana eile mar aon leis an tslí le hí a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-chomhairleoirí as tacú liom i mbliana agus as an obair gan staonadh a dhéanann siad ar son mhuintir an chontae seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil an bPríomhfheidheannach, Joan Martin, leis an bhfoireann feidhmiúcháin agus le foireann iomlán Chomhairle Contae Lú as a gcuid oibre agus a dtiomantas i leith mhuintir Lú.

D'fhoghlaim mé an-chuid le linn mo chuid ama mar Chathaoirleach agus táim ag tnúth le bheith páirteach i gcónaí san obair a dhéanfar amach anseo chun dúshláin an chontae seo a shárú. Uair amháin eile, ba onóir é seirbhís a thabhairt do shaoránaigh Lú mar chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú.



## Foramharc



**Joan Martin**
**Príomhfheidhmeannach**

Bliain lán imeachtaí ab ea 2019 do Chomhairle Contae Lú; bhí neart deiseanna againn agus neart dúshlán le sárú. Táim mórtasach as an tslí ar fhreagair foireann Chomhairle Contae Lú na dúshláin sin, le fuinneamh, trí chaidreamh a neartú, deiseanna a thapú agus réitigh úra a fháil ar chuid de na dúshláin a bhí romhainn.

Bliain iontach ab ea í do chúrsaí cultúir sa chontae. D'óstáil Droichead Átha Fleadh Cheoil na hÉireann den dara bliain as a chéile - agus mealladh líon daoine ba mhó ná riamh chuig an bhféile. Bhíomar an-sásta dul i gcomhar le Fáilte Éireann agus Comhairle Contae na Mí ar an gcéad fhéile Púca riamh, a d'inis scéal Oíche Shamhna agus a bhunús sna traidisiúin Éireannacha agus Ceilteacha.

Ba phribhléid an-mhór é obair an innealtóra Peter Rice a cheiliúradh leis an taispeántas 'When an Engineer Imagines' (Nuair a Shamhlaíonn Innealtóir) i Músaem an Chontae. Tá cáil ar an bhfear seo as Dún Dealgan as cuid de na foirgnimh is íocónaí ar domhan, leithéidí Teach Cheoldrámaíochta Sydney; Aerfort Kansai sa tSeapáin, agus Lárionad Pompidou i bPáras.

Chuireamar fáilte roimh chomhaltaí nua isteach i Seomra na Comhairle i mbliana agus d'fhágamar slán ag roinnt comhairleoirí a bhí ag imeacht, tar éis na dtoghchán áitiúil i mBealtaine.

Chaith foireann na Comhairle agus na comhaltaí tofa am agus fuinneamh in 2019 ar an bPlean Corparáideach nua, a bheidh i bhfeidhm go dtí 2024. Mar léiriú ar ár ráiteas misin chun ceannaireacht a thabhairt agus seirbhísí ar ardchaighdeán, atá dírithe ar an saoránach, atá freagrúil agus éifeachtach a sholáthar, gheofar sa phlean ár bhfís d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch an chontae sna blianta amach romhainn agus an treo straitéiseach a rachaidh an Chomhairle chun é sin a bhaint amach.

Chruthaigh an éiginnteacht mar gheall ar an mBreatimeacht dúshláin do Lú, agus is tosaíocht é i gcónaí d'Oifig Áitiúil Fiontair (LEO) na Comhairle gnólachtaí an chontae a ullmhú don tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige. Cuireadh seisiúin maidir leis an mBreatimeacht ar fáil do 69 ngnólacht in 2019.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann sa roinn tithíochta, a rinne a seacht ndícheall chun dul i ngleic le ceist atá ag cur dúshláin faoin gComhairle i gcónaí agus faoi dhaoine atá ag iarraidh cóiríocht oiriúnach a aimsiú. In 2019, leanamar dár gcuid oibre le cumainn faofa tithíochta ar na scéimeanna Tithíocht sa Chéad Áit agus cóiríocht os cionn siopaí agus chuireamar 29 áit chónaithe thréigthe ar fáil arís lena n-úsáid; leithroinneadh 354 áit chónaithe; tacaíodh le 42 teaghlach gan dídean agus fuair cóiríocht do 16 teaghlach Taistealaí.

Gabhaim buíochas le foireann iomlán Chomhairle Contae Lú as oibriú go dian i mbliana agus guím scor fada taitneamhach ar na comhghleacaithe uile a chuaigh ar scor in 2019.



# 2019 IN AMHARC AMHÁIN

**165,353 IDIRGHNÍOMHAÍOCHT** LE CUSTAIMÉRÍ

**€106,070** SPÁRÁILTE I **mBEARTA CAOMHNAITHE** FUINNIMH

**1,141 TEAGMHAS** SHEIRBHÍS DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA

**3,036** TIONÓNTACHT HAP

BRATACH GHLAS DO **24** SCOIL

**500,000+** CUAIRTEOIR AR LÚ LE HAGHAIDH FLEADH CHEOIL NA hÉIREANN

**4,064** STOC **TITHÍOCHTA** SÓISIALTA

**471,209** MÍR LEABHARLAINNE EISITHE

**42** DEONTAS EALAÍON EISITHE

FUAIR **DROICHEAD ÁTHA BRATACH CHORCRA** AS CAIGHDEÁN AN GHEILLEAGAIR LAE AGUS OÍCHE

**1,104 IARRATAS PLEANÁLA** FAIGHTE

AN CHÉAD VEAIN LEICTREACH MAOR MADRA SA TÍR

**€332,975** I nDEONTAIS MAOINITHE LEO

**45,000KM** DE SCUABADH BÓITHRE

**€9M** CAITE AR FHEABHSÚ & DEISIÚ BÓITHRE


**92%** DE MHADRAÍ **ATHSHOCRAITHE**

TUAIRIM IS **45,525 TEACHAGUS, 4,200 GNÓ** A FUAIR SOLÁTHAR UISCE

**200** POST CRUTHAITHE LE TACAÍOCHT LEO

**106** SAMPLA DE CHÁILÍOCHT UISCE ABHANN

# Toghcheantair Chontae Lú




Tá Contae Lú comhdhéanta de thrí cheantar bhardasacha: Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia agus Dún Dealgan. Cúig thoghcheantar atá sa chontae: Baile Atha Fhirdhia, Droichead Átha Tuaithe, Droichead Átha Uirbeach, Dún Dealgan-Cairlinn agus Dún Dealgan Theas.

## CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Tá an cúram ar Chomhairle Contae Lú clár na dtoghthóirí bliantúil a thiomsú, de shaoránaigh atá i dteideal vóta a chaitheamh. Bhí Toghcháin Áitiúla ann in 2019. Bhí 97,047 vótóir ar Chlár na dToghthóirí do Chontae Lú, a bhí éifeachtach ón 15 Feabhra 2019.

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Uachtaránachta | 91,520 |
| Toghthóirí Dála | 92,461 |
| Toghthóirí Eorpacha | 93,220 |
| Toghthóirí Áitiúla | 97,047 |

COMHALTAÍ TOFA:
COMHAIRLE CONTAE LÚ

## Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia - 6 Chomhalta



**JOHN SHERIDAN**
**Fianna Fáil**

An Bóthar Beag,
Droim Ineasclainn, Co. Lú

fón póca: 086 1437097
r: john.sheridan@louthcoco.ie



**COLM MARKEY**
**Fine Gael**

Baile an Chorraigh,
Droichead Átha, Co Lú

fón póca: 087 8317500
r: colm.markey@louthcoco.ie



**PEARSE McGEOUGH**
**Sinn Féin**

8 Bailtíní Mhuire, Cill Saráin,
Baile an Ghearlánaigh, Co Lú

fón póca: 086 8135447
r: pearse.mcgeough@louthcoco.ie



**DOLORES MINOGUE**
**Fine Gael**

Whitefield, Sráid Jervis,
Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

fón póca: 087 9512788
r: dolores.minogue@louthcoco.ie



**HUGH CONLON**
**Neamhpháirtí**

St. Judes, An Phríomhshráid,
Dún Léire, Co. Lú

fón póca: 086 1437078
r: hugh.conlon@louthcoco.ie



**JIM TENANTY**
**Neamhpháirtí**

Riverbank, Sráid Jervis,
Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

fón póca: 087 3717883
r: jim.tenanty@louthcoco.ie

# Toghcheantar Dhroichead Átha Tuaithe - 4 Chomhalta



**EILEEN TULLY**
**Fine Gael**

Baile Trá, Droichead Átha,
Co. Lú

fón póca: 086 8122511
r: eileen.tully@louthcoco.ie



**MICHELLE HALL**
**Páirtí an Lucht Oibre**

7 Na Peadaic, Feirm Dhuibh,
Tearmann Feichín, Co. Lú

fón póca: 086 1437079
r: michelle.hall@louthcoco.ie



**TOM CUNNINGHAM**
**Sinn Féin**


4 Cuas Oirialla, Ceann Chlochair,
Droichead Átha, Co. Lú

fón póca: 087 3717884
r: tom.cunningham@louthcoco.ie



**DECLAN POWER**
**Neamhpháirtí**

6 Barrackfield, Ceann Chlochair,
Co. Lú
fón póca: 086 1436353
r: declan.power@louthcoco.ie



**AN COMHAIRLEOIR OLIVER TULLY R.I.P**

Ba bhrís mhór é bás an Chomhairleora Oliver Tully in Iúil 2019. Ghlac a bhean, Eileen, a shuíochán..

# Toghcheantar Uirbeach Dhroichead Átha - 6 Chomhalta



**PAUL BELL**
**Páirtí an Lucht Oibre**

109 Garrán Bál,
Droichead Átha, Co Lú

fón póca: 087 1206736
r: paul.bell@louthcoco.ie



**PIO SMITH**
**Páirtí an Lucht Oibre**

Waterunder,
Droichead Átha, Co. Lú

fón póca: 087 9460673
r: pio.smith@louthcoco.ie



**JOANNA BYRNE**
**Sinn Féin**

79 Ascaill a hAon, An Bóthar Buí,
Droichead Átha, Co Lú

fón póca: 087 1146522
r: joanna.byrne@louthcoco.ie



**KEVIN CALLAN**
**Neamhpháirtí**

Feirm Bhaile Uaitéir, Bóthar Bhaile
Mhic Éinigh, Droichead Átha, Co. Lú

fón póca: 087 7776648
r: kevin.callan@louthcoco.ie



**JAMES BYRNE**
**Fianna Fáil**

36 Park Place, Rath na Gráinsí,
Droichead Átha, Co. Lú

fón póca: 086 3372965
r: james.byrne@louthcoco.ie



**PADDY MCQUILLAN**
**Neamhpháirtí**

20 Teachíní Ghleann na Bóinne,
Meille, Droichead Átha, Co. Lú

fón póca: 086 1437082
r: paddy.mcquillan@louthcoco.ie

## Toghcheantar Dhún Dealgan - Cairlinn - 6 Chomhalta



**EDEL CORRIGAN**
**Sinn Féin**

An tÁth Buí, Mountpleasant,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 085 8476660
r: edel.corrigan@louthcoco.ie



**SEAN KELLY**
**Fianna Fáil**

95 Sráid Uí Anluain,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 086 1437080
r: sean.kelly@louthcoco.ie



**CONOR KEELAN**
**Fianna Fáil**

Lóiste na Darach, Bóthar an Iúir,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 087 7773200 / 042 9336727
r: conor.keelan@louthcoco.ie



**JOHN McGAHON**
**Fine Gael**

Gairdíní Fhochaird, Ardán Phádraig,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 085 1720143
r: john.mcgahon@louthcoco.ie



**ERIN McGREEHAN**
**Fianna Fáil**

Caisleán Chuaille, Baile na hAbhna,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 087 4182454
r: erin.mcgreehan@louthcoco.ie



**ANTÓIN WATTERS**
**Sinn Féin**

Ballinamara, Baile na hAbhna,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 087 4165157
r: antoin.watters@louthcoco.ie

# Toghcheantar Dhún Dealgan Theas - 7 gComhalta



**MARIANNE BUTLER**
**An Comhaontas Glas**

Copthorn,
Bóthar na hAscaille Íochtarach,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 086 8677672
r: marianne.butler@louthcoco.ie



**EMMA COFFEY**
**Fianna Fáil**

154 Céide Chois Abhann, Bóthar
an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan,
Co. Lú

fón póca: 087 1940837
r: emma.coffey@louthcoco.ie



**MARIA DOYLE**
**Fine Gael**

6 Bóthar na Dara, Lis Na Dara,
Bóthar na Carraige, Dún Dealgan,
Co. Lú

fón póca: 086 8770894
r: maria.doyle@louthcoco.ie



**RUAIRI Ó MURCHU**
**Sinn Féin**

8 Gleann na Silíní, Bay Estate,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 087 7978018
r: ruairi.omurchu@louthcoco.ie



**LIAM REILLY**
**Fianna Fáil**

Gráinseach Bhaile an Mhuilinn,
Droim Ineasclainn, Dún Dealgan,
Co. Lú

fón póca: 086 1000881
r: liam.reilly@louthcoco.ie



**TOMÁS SHARKEY**
**Sinn Féin**

Baile Alaird, Droichead an Chnoic,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 087 9090629
r: tomas.sharkey@louthcoco.ie



**MAEVE YORE**
**Neamhpháirtí**

2 Clós Blakely, Bóthar na hAscaille,
Dún Dealgan, Co. Lú

fón póca: 087 6172127
r: maeve.yore@louthcoco.ie

# 2

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA & ÉIGEANDÁLA

Cuireann Roinn Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Chontae Lú seirbhís éifeachtach ar fáil do chomhairleoirí agus don ardbhainistíocht, mar aon le seirbhísí ginearálta don phobal. Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta na Comhairle agus táimid freagrach as cruinnithe na Comhairle a riar, an Toghchlár a thiomsú, tuarascáil bhliantúil na Comhairle a réiteach, réadmhaoin a bhainistiú, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus as faisnéis a chur ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.




Comhairle Contae Lú
Louth County Council

# Cruinnithe na Comhairle 2019

Bhí 13 chruinniú ag Comhairle Contae Lú i 2017 - cruinniú míosúil ar an tríú Luan de gach mí agus cruinniú bliantúil i Meitheamh. Bhí cruinniú buiséid amháin ann in 2019.

Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú - **An Cllr. Liam Reilly**

Cathaoirleach Cheantar Bardasach Dhún Dealgan - **An Cllr. John McGahon**

Méara Dhroichead Átha agus Cathaoirleach Cheantar Buirge Dhroichead Átha - **An Cllr. Paul Bell**

Cathaoirleach Cheantar Bardasach Dhún Dealgan - **An Cllr. Dolores Minogue**

| Cruinnithe Chomhairle Contae Lú 2019 | |
|---|---|
| Cruinnithe míosúla | 11 |
| Cruinnithe bliantúla | 1 |
| Cruinnithe buiséid | 1 |
| An Grúpa Beartais Chorparáidigh (CPG) | 10 |
| **Cruinnithe Ceantar Bardasach** | |
| Ceantar Buirge Dhroichead Átha | 11 |
| Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia | 11 |
| Ceantar Bardasach Dhún Dealgan | 11 |
| **Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPCanna)** | |
| SPC - Tithíocht, Pleanáil Pobail & Éigeandála | 1 |
| SPC - Forbairt Eacnamaíoch & Tacaíocht Fiontair | 1 |
| SPC - Pleanáil & Comhshaol | 1 |
| SPC - Bonneagar, Gnóthaí Eorpacha & Trasteorann | 1 |
| **Comhchoistí Póilineachta/Fóram Áitiúil Póilíneachta (LPF)** | |
| Grúpa Stiúrtha JPC | 4 |
| LPF - Dún Dealgan | 4 |
| LPF - Droichead Átha | 4 |
| LPF - Baile Átha Fhirdhia | 4 |

## SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ IN AMHARC AMHÁIN

IN 2019, BHÍ **165,353 IDIRGHABHÁIL LE CUSTAIMÉIRÍ** AG SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ, LENA **N-ÁIRÍTEAR RÍOMHPHOIST, GLAONNA** AGUS **CEISTEANNA** AG AN GCUNTAR POIBLÍ

THARLA MÉADÚ **5%** AR IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ LE CUSTAIMÉIRÍ

SEIRBHÍSÍ CUIDITHE DO CHUSTAIMÉIRÍ **71,165 CUSTAIMÉIR** AG AN GCUNTAR. MEÁNLÍON DE 5,930 SA MHÍ NÓ 286 SA LÁ

**10,020 RÍOMHPHOST** A FREAGRAÍODH, **40** GACH LÁ, AR AN MEÁN

**84,168 GLAO** A D'FHREAGAIR SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ - **MEÁNLÍON DE 339 GLAO SA LÁ**

BA IAD **CÁSANNA TITHÍOCHTA 43%** DE NA CÁSANNA A LÁIMHSEÁILSEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

# Duaiseanna agus Imeachtaí do Shaoránaigh

## DUAISEANNA DHÚN DEALGAN DO SHAORÁNAIGH, DUAISEANNA BHAILE ÁTHA FHIRDHIA DO SHAORÁNAIGH AGUS DUAISEANNA MHÉARA DHROICHEAD ÁTHA

Aíthnítear le Duaiseanna Dhún Dealgan do Shaoránaigh, Duaiseanna Bhaile Átha Fhirdhia do Shaoránaigh agus Duaiseanna Mhéara Dhroichead Átha an méid a chuireann daoine aonair agus eagraíochtaí lena bpobal. Ba iad ionadaithe áitiúla ó na Ceantair Bhuirge agus Bhardasacha a d'ainmnigh buaiteoirí 2019 as a raibh bainte amach acu agus as an méid a bhí déanta acu ar son an phobail agus an saoil spórtúil, go háitiúil agus go náisiúnta. Eagraíodh fáiltiú cathartha do Amy Broadhurst, as bonn óir a bhuachan i gCraobhchomórtas Dornálaíochta na hEorpa.

### DÚN DEALGAN







## BAILE ÁTHA FHIRDHIA










## DROICHEAD ÁTHA








# Fuinneamh Inbhuanaithe

## FUINNEAMH IN AMHARC AMHÁIN

Le deich mbliana anuas, laghdaigh Comhairle Contae Lú a úsáid fuinnimh de 41 faoin gcéad; agus baineadh amach coigilteas os cionn 10GWHrs, idir 2015 agus 2019.

Chuaigh an Chomhairle isteach i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus bhí sí páirteach i gCláir do Phobail Fuinnimh Níos Fearr, faoi stiúir Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, le tairbhithe eile ón Réigiún Thuaidh Thoir. Spáráladh €3.4m i ndeontais fuinnimh agus €8.8m in oibreacha fuinnimh i réigiún an chontae sna ceithre bliana seo caite.

## ÍDIÚ FUINNIMH AGUS BAINISTÍOCHT FUINNIMH A CHUR CHUN CINN

Tá an chosúlacht air go mbainfidh Lú feabhsúchán 33 faoin gcéad amach in éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020, mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Faoi dheireadh 2019, bhí laghdú 41 faoin gcéad ar úsáid fuinnimh bainte amach ag Comhairle Contae Lú i gcomparáid leis an mbonnlíne (úsáid fuinnimh sa tréimhse 2006-2008), de réir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus is ceannaire é i measc na n-údarás áitiúil eile, tar éis sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 de 33 faoin gcéad, a shocraigh an Rialtas, a shárú.

## FEASACHT FUINNIMH A CHUR CHUN CINN

Ó cheann ceann na bliana, sheol Comhairle Contae Lú roinnt ceardlanna idirghníomhacha bunaithe ar théamaí fuinnimh le fostaithe na Comhairle agus le leanaí scoile ar fud an chontae. Seoladh ceardlanna i leabharlanna le linn Sheachtain na nInnealtóirí i Márta 2019 agus Seachtain na hEolaíochta i Samhain 2019. Ba é téamaí na gceardlann seo an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn sa bhaile, ag an obair, ar scoil, agus díriú ar an ról a bheadh ag an uile dhuine sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, trí theacht chun bheith inár seaimpíní fuinnimh.



## UAIR AN CHLOIG AN DOMHAIN

Bhí Comhairle Contae Lú páirteach in Uair an Chloig an Domhain Dé Sathairn an 30 Márta 2019. Múchadh na tuilsoilse ar thrí fhoirgneamh i nDroichead Átha. Ina measc sin bhí Cnoc an Mhuilinn, Baile Dhún Dealgan agus Oifigí na Comhairle.

## CUMHACHT @ OBAIR A BHARRFHEABHSÚ

Shínigh Comhairle Contae Lú comhaontú leibhéal seirbhíse le hOifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh an chláir Cumhacht & Obair a Bharrfheabhsú; chuaigh Halla an Bhaile Dhún Dealgan isteach linn in 2014, agus Halla an Chontae in 2016. Clár athraithe iompair don fhoireann is ea an feachtas seo. Seoladh imeachtaí feasachta fuinnimh, inar cuireadh éifeachtúlacht fuinnimh ag an obair chun cinn, gach cúpla mí in 2019. Dearadh sraith póstaer don fheachtas Cumhacht & Obair a Bharrfheabhsú;agus athraíodh an phríomhtheachtaireacht gach aon mhí. Chabhraigh na póstaeir chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí agus na cineálacha iompair a rabhthas ag súil leo ó thaobh fuinneamh a spáráil. Tá na póstaeir seo ar taispeáint i gcónaí ar fud fhoirgnimh na Comhairle.

## RATH FUINNIMH I HALLA AN BHAILE, DÚN DEALGANL

Bhronn Oifig na nOibreacha Poiblí Duais Spárála 33% Fuinnimh ar Halla an Bhaile Dún Dealgan i Márta 2019, as a iarrachtaí leanúnacha chun fuinneamh a spáráil ag an obair agus astaíochtaí carbóin ó Halla an Chontae a laghdú. Ghlac an príomhfheidhmeannach Joan Martin an duais thar ceann na Comhairle. Ó shin, mhéadaigh an spáráil fuinnimh atá bainte amach ag Halla an Chontae Dún Dealgan, agus shroich sé 41% roimh dheireadh 2019. Ba ionann an méid fuinnimh a spáráladh in 2019 agus 357,855 kWh, 82 tona CO2, agus €21,460.






## CÓRAS BAINISTITHE FUINNIMH

Chothabháil Comhairle Contae Lú a Chóras Bainistíochta Fuinnimh in 2019. Rinne Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann iniúchadh agus an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú ar an gcóras i mbliana. Ag éirí as an iniúchadh sin, choimeád an Chomhairle a chlárú as I.S. EN ISO 50001:2011 a chomhlíonadh. Bhí ceithre úsáideoir mhóra fuinnimh freagrach as 70% d'úsáid fuinnimh na Comhairle in 2019. Ba iad sin: soilse poiblí, Halla an Chontae, Halla an Bhaile Dún Dealgan agus Flít Iompair na Comhairle. Rachaidh Stáisiúin Dóiteáin Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha ar liosta na mór-úsáideoirí fuinnimh in 2020 de bharr gur thit úsáid fuinnimh na gceithre úsáideoir eile faoi thairseach 70%.

Bhí an t-ídiú fuinnimh ag dul i laghad i gcónaí trí oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh agus oiliúint chun feasacht na foirne a mhéadú. Ar an bhfuinneamh a spáráladh in 2019 bhí:

- 15% de choigilteas ar shoilsiú poiblí.
- 17% de choigilteas ar fhlít iompair na Comhairle.
- Laghdú ar ídiú leictreachais agus gáis i Halla an Bhaile Dún Dealgan agus i bhfoirgnimh Halla an Chontae.




## DEONTAS FUINNIMH NA BPOBAL 2019

Uair amháin eile chuaigh an Chomhairle Contae Lú i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan in Ionad Taighde Netwell Casla agus fuarthas cistiú deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, faoina Chlár um Chistiú Fuinnimh Pobail. Fuair an chomhpháirtíocht €97,208 i gcistiú deontais, as a bhfuarthas €268,052 i gcaiteachas cáilithe do thionscadail fuinnimh sa chontae. Ar na tionscadail bhí uasghrádaithe ar áiteanna cónaithe príobháideacha: foirgnimh de chuid na Comhairle timpeall an chontae, Gailearaí Cathartha Highlanes, Droichead Átha; Eaglais Phádraig, Dún Dealgan, agus Teach an Pharóiste i mBaile Hagaird.

# Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála

D'fhreastail Briogáidí Dóiteáin Lú ar 1,141 teagmhas in 2019, ar laghdú 10.2% é sin ar líon na bliana roimhe (1,271). Ba é an chúis leis sin laghdú suntasach ar dhóiteáin féir, dóiteáin aitinn agus dóiteáin scipe, rud ba thoradh ar thonn teasa 2018. Tháinig méadú 5% ar líon na nglaonna cúnaimh otharchairr, agus méadú os cionn 300% ar fhreagairtí ar theagmhais tuile.

D'fhreastail Briogáid Dóiteáin Dhroichead Átha i Mí ar 129 dteagmhas arbh ionann é 29% de líon na dteagmhas ar fhreastail an Bhriogáid Dóiteáin orthu i Lú.

D'óstáil Ionad Oiliúna Réigiúnach Dhún Dealgan clár gnóthach de chúrsaí seirbhíse dóiteáin le linn 2019. Ina measc sin bhí cúrsaí do Chaiteoirí Trealamh Anála, a ritheadh i gcomhar leis an nGrúpa Náisiúnta Oiliúna do Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil, cúrsaí do Theagascóirí Seirbhíse Dóiteáin, cúrsa in Ábhair Ghuaiseacha, agus cúrsa i dTiomáint na Seirbhísí Éigeandála ESDS. D'eagraigh Seirbhísí Dóiteáin Mhuineacháin, an Chabháin agus Dhún na nGall cúrsaí seachtracha san ionad oiliúna.

Bhí Roinn Coiscthe Dóiteáin Lú freagrach uair amháin eile as cinntiú go mbeadh Fleadh Cheoil na hÉireann 2019, a reáchtáladh i nDroichead Átha, ina imeacht sábháilte, agus rinneadh monatóireacht laethúil ar ionaid agus ar bhainistíocht imeachtaí.

Mhéadaigh líon na n-iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin a fuair an Roinn Rialaithe Tógála ó 100 in 2018, go 119 in 2019. Mhéadaigh líon na n-iarratas a fuarthas ar Dheimhnithe Rochtana Míchumais, leis, ó 80 in 2018 go 86 in 2019. Tionscnaíodh imeachtaí ar éirigh leo i dtaca le fadhbanna sábháilteacht dóiteáin i bhfoirgnimh mhóra tionóil phoiblí i gceantar Lú.

D'eagraigh an Grúpa Oibre Réigiúnach um Mór-Éigeandáil cleachtadh éigeandála in Óstán Nuremore, Muineachán, i mí an Mheithimh. Bhí foireann ó ranna éagsúla de Chomhairle Contae Lú agus ó ghníomhaireachtaí eile páirteach sa chleachtadh seo. Tugadh Plean Adhaimsire Lú chun críche, agus bhí cruinniú ag an bhFoireann Measúnaithe Adhaimsire maidir le hócáid adhaimsire i nDeireadh Fómhair.







SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA IN AMHARC AMHÁIN

**1,141 THEAGMHAS**
10% DE LAGHDÚ AR THEAGMHAIS AR FREASTALAÍODH ORTHU IN 2019

**DÓITEÁIN ARAIDE / SCIPE** AR NA TEAGMHAIS IS COITIANTA

**DROICHEAD ÁTHA** AR AN STÁISIÚN IS GNÓTHAÍ

**86** IARRATAS AR DHEIMHNITHE SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN **FAIGHTE**

**MÉADÚ 367%** AR THEAGMHAIS TUILE

**LAGHDÚ 30%** AR DHÓITEÁIN FÉIR AGUS BRUSCAIR

**129 TEAGMHAS** AR FREASTALAÍODH ORTHU I **MÍ**

**119** IARRATAS AR DHEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN FAIGHTE

# 3



## TITHÍOCHT AGUS CAIGHDEÁN NA BEATHA

Éascaíonn Roinn Tithíochta agus Caighdeán na Beatha Chomhairle Contae Lú pobail inbhuanaithe trí chóiríocht agus tacaíochtaí a sholáthar chun gach riachtanas a chomhlíonadh. Tá plean eacnamúil agus pobail curtha i dtoll a chéile ag an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail mar chabhair chun pobail shábháilte a bhaint amach trí thacaíocht a thabhairt do líonraí pobail, do thionscadail agus do thionscnaimh agus trí sheirbhísí spóirt agus caitheamh aimsire, taitneamhachta, leabharlainne agus tacaíochta do na healaíona a chur ar fáil.


Comhairle Contae Lú
Louth County Council

## SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA IN AMHARC AMHÁIN

**4,064** STOC TITHÍOCHTA SÓISIALTA

**€12.2M** D'IONCAM Ó CHÍOSANNA

**41** BAILE LÉASAITHE

**354** TEACH LEITHDHÁILTE

**189** UASGHRÁDÚ FUINNIMH

**42** TEAGHLACH GAN DÍDEAN A FUAIR TACAÍOCHT

**155** TEAGMHAS D'IOMPAR FRITHSHÓISIALTA IMSCRÚDAITHE (MÉADÚ 104%)

**59** DEONTAS OIRIÚNAITHE TITHE BRONNTA

**29** ÁIT CHÓNAITHE THRÉIGTHE, A ATHCHÓIRÍODH

**16** TEAGHLACH TAISTEALAÍ A FUAIR CÓIRÍOCHT

**1,045** CIGIREACHT DÉANTA AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS

# Tithíocht agus Cáilíocht na Beatha

Bhainistigh Comhairle Contae Lú stoc iomlán tithíochta sóisialta de 4,064 in 2019, in éineacht le 323 teach le cumainn cheadaithe tithíochta. Ba é €12.2 milliún an t-ioncam ó chíos. Leithdháileadh 235 teach tríd an Scéim Rogha Tithíochta in 2019, agus tugadh 103 teach dóibh siúd a raibh gá tús áite acu (67 faoi mhíchumas; 36 gan dídean).

Eisíodh 24 rabhadh as gan cíos a íoc agus níor athghabhadh aon teach ar an gcúis sin i gcaitheamh na bliana. Cuireadh Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ar fáil do 3,036 thionacht. Ag deireadh na bliana, bhí 1,790 iarratasóir ar an liosta tithíochta, suas beagán ó 1,746 in 2018.

## TITHÍOCHT NUA ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Tugadh oibreacha chun críche ar fhorbairt an Chumainn Tithíochta Thuaidh & Thoir ar Shráid Scarlet i nDroichead Átha, comhdhéanta de chúig theach agus deich n-árasán, ar láthair Sheanbhriogáid Dóiteáin Dhroichead Átha. Leithdháilfear dhá cheann déag as an 15 aonad ar thionóntaí atá faoi mhíchumas.

Tá obair ar siúl ar 80 aonad atá á dtógáil i nDún Léire. Measfar go mbogfaidh na teaghlaigh isteach ina dtithe nua i mBealtaine 2020.

Cheap Comhairle Contae Lú píblíne láidir de thithe nua do dhaoine atá ar liosta tithíochta an údaráis áitiúil le dhá scéim i sráidbhaile Lú agus i nDún Dealgan. Bhí an dá fhorbairt le tosú go luath in 2020. Ina measc sin bhí 17 dteach nua i bPáirc an Athar Finn agus 22 teach i nDiméin Cox, Dún Dealgan.

Ina theannta sin, rinne Comhairle Contae Lú comhaontú le forbróirí ar Bhóthar Bhaile Mhic Éinigh i nDroichead Átha, agus i nDún Guagáin, agus ar Bhóthar Bhaile an Chaisleáin i nDún Dealgan, chun tithe nua atá á dtógáil a cheannach lena gcur ar fáil do thithíocht shóisialta.

Lean an dul chun cinn ar scéimeanna eile chun tithíocht shóisialta eile a sholáthar.



## OIBREACHA IARFHEISTITHE FUINNIMH AR CHÓIRÍOCHT DO THAISTEALAITHE

Faoin gClár Cóiríochta do Thaistealaithe, d'aithin Comhairle Contae Lú riachtanas chun cuid de riachtanais chóiríochta phobal na dTaistealaithe a shásamh in 2019 le clár athchóireála ar naoi n-aonad tithe ag Clós Uí Neachtain, Dún Dealgan, a tógadh a chéaduair i 1988.

Bhí an scéim comhdhéanta de cheithre bhungaló leathscoite dhá sheomra leapa, agus cúig bhungaló scoite trí sheomra leapa. Rinneadh bearta éifeachtúlachta fuinnimh den uair dheiridh in 2011, lena n-áirítear insliú ar an áiléar agus cuas-insliú. Ba é cuspóir an tionscadail seo cóiríocht níos sásúla a sholáthar agus an rátáil fuinnimh foirgnimh a mhéadú, agus laghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar theaghlaigh a chónaíonn i gClós Uí Neachtain.

Ba é an toradh ar na hoibreacha athchóireála laghdú ar chothabháil feasta, agus méadú substaintiúil ar éifeachtúlacht fuinnimh, a laghdaíonn rátáil ídithe fuinnimh iomlán an eastáit ó 2,234kWh/m²/bl go 1,293kWh/m²/bl; laghdú de 73%.







## TÚS ÁITE DON TITHÍOCHT

Mar chuid den Phlean Náisiúnta Feidhmithe do Thús Áite do Thithíocht, cheap Comhairle Contae Lú Iontaobhas Peter McVerry chun samhail Thús Áite do Thithíocht a chur i bhfeidhm i Réigiún Thoir Thuaidh an chontae, ina bhfuil Lú, an Cabhán agus Muineachán. Ainmníodh cliaint don chéad chéim de Thús Áite do Thithíocht agus aithníodh tithe nua oiriúnacha in 2019.

## FILLEADH AR CHÓNAÍ OS CIONN SIOPAÍ

Chuaigh Comhairle Contae Lú isteach i gcomhpháirtíocht le hIontaobhas Peter McVerry aon cheann déag d'aonaid fholmha os cionn siopaí i Sráid na Siopaí, Droichead Átha, a iompú ina n-áiteanna cónaithe. Bhí na haonaid, meascán d'árasáin aon seomra leapa agus dhá sheomra leapa, folamh le fada an lá agus bhí droch-chaoi orthu. D'oibrigh Iontaobhas Peter McVerry le húinéirí nua na n-aonad, a cheannaigh na hárasáin in 2018 chun iad a chur ar chaighdeán oiriúnach lena ligean ar cíos.

Tar éis don úinéir oibreacha a dhéanamh orthu, fuair Iontaobhas Peter McVerry na haonaid le tacaíocht ó Chomhairle Contae Lú, trí shocrú fadtéarmach leása sóisialta. Tá gach ceann de na haonaid ligthe agus faigheann gach tionónta tacaíocht leanúnach ó fhoireann Tithíocht le Tacaíochtaí ó Iontaobhas Peter McVerry, lonnaithe i nDroichead Átha.









# Ballraíocht an Choiste Áitiúil Forbartha Pobail (CÁFP) in 2019

| Earnáil Phoiblí | |
|---|---|
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Liam Reilly |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Colm Markey - ghabh an Cllr Eileen Tully a áit |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Pearse McGeough - gabh an Cllr Ruairí O'Murchú a áit |
| Comhairle Contae Lú | An Cllr Dolores Minogue |
| Oifigeach de chuid Chomhairle Contae Lú | Joan Martin |
| Oifigeach de chuid Chomhairle Contae Lú | Thomas McEvoy |
| BOO Lú na Mí | Sadie Ward McDermott |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | Anne Keeley |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Annette McDonnell |

| Earnáil Phríobháideach | |
|---|---|
| Comhpháirtíocht Leader Lú | Ciaran Reid |
| Leasanna Pobail & Deonacha | Larry Magnier – ghabh Alison Quail a áit |
| Leasanna Pobail & Deonacha | Joanne Finnegan |
| Cuimsiú Sóisialta | Kevin Moran |
| Cuimsiú Sóisialta | Geordie McAteer |
| Comhshaol | Breffni Martin – ghabh Elizabeth O'Reilly a áit |
| Feirmeoireacht | Matthew McGreehan |
| Cumann Tráchtála Dhún Dealgan | Pat McCormick |
| Cumann Tráchtála Dhroichead Átha | Breanndán Casey |
| Ionad Saorálaithe Lú | Gráinne Berrill |

# LECP

D'ullmhaigh Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (CÁFP) plean áitiúil, eacnamúil agus pobail sé bliana (PÁEP) in 2016 lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an míbhuntáiste, tacú le fiontrair, fostaíocht agus oiliúint, bonneagar pobail a fhorbairt agus forbairt eacnamúil a chur chun cinn.

## Príomhphointí ó 2019:

- Comhstraitéis Imeasctha d'Imircigh i Lú agus sa Mhí a chur i dtoll a chéile.
- Plean Gníomhaíochta Óige Lár Lú a chur i dtoll a chéile.
- Tacú le saorálaíochas don Fhleadh i nDroichead Átha.
- Dhá cheann de bhusanna pobail a cheannach.
- Ballraíocht i UPSP a mhéadú go 341 grúpa cláraithe.
- Straitéis Fiontraíochta Sóisialta le haghaidh Contae Lú a chur i dtoll a chéile.
- Clár Cóiríochta do Thaistealaithe a ghlacadh in Iúil 2019.
- Ceardlann tithíochta a d'óstáil Aoischairdiúil Lú ar phrionsabail an dearaidh uilígh.

# SICAP

Oibríonn Cuideachta Chomhpháirtíochta LEADER Lú an Clár Gníomhachtaithe Pobail agus Cuimsiú Sóisialta 2018-2022. In 2019, thacaigh SICAP le 66 grúpa pobail agus le 1,043 duine. I measc na ngnóthálacha móra eile in 2019:

- Chuir 66 pobal pleananna pobail i dtoll a chéile.
- Fuair 15 ghrúpa deontais bheaga.
- 1,018 duine atá gafa i dtacaíochtaí don mhargadh saothair foghlama ar feadh an tsaoil.
- Tacaíodh le 63 duine chun fostaíocht a fháil.
- 99 duine aonair a d'atreoraigh an Roinn
- Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun a ngnólachtaí féin a bhunú tríd an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar an Obair.
- Fuair 52 duine deontais oideachais.
- Fuair 28 duine deontais fiontair.
- Fuair Fiontar Sóisialta amháin deontas fiontar sóisialta.



# LEADER

Is é Comhairle Contae Lú an príomh-chomhpháirtí airgeadais do chlár LEADER sa chontae. Trí bheart atá i gceist sa chlár: Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontair agus Cruthú Post; Cuimsiú Sóisialta agus Forbairt Tuaithe. In 2019, fuair Comhpháirtíocht LEADER Lú, an comhpháirtí feidhmiúcháin, 142 léiriú spéise ar chistiú..

**Buaicphointí ó chlár LEADER 2019:**

- Cheadaigh an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta cistiú de €1.26 milliún do thionscadail sna trí bheart.
- Eisíodh 50 conradh do thionscnóirí tionscadail ar fud an chontae.
- Cuireadh oiliúint i mbithéagsúlacht agus i mbainistíocht acmhainní uisce ar fáil in dhá áit sa chontae, agus ghlac 50 duine páirt iontu.
- Bronnadh €85,277 de dheontas ar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i leith chostais bonneagair na Fleadh.
- Bronnadh cistiú ar Carol Leavy Joyce faoi bheart Forbartha Fiontair i leith chostais léirithe 'Mná na hÉireann'.
- Bhronn an Grúpa cabhair dheontais ar roinnt tionscadal pobail, lena n-áirítear cosán siúil pobail a sholáthar agus ionaid phobail a uasghrádú.
- Leithdháileadh €198,822 ar Ionad an tSlánaitheora chun an t-ionad i nDiméin Cox a uasghrádú.

## CISTE UM ÉIRE SHLÁINTIÚIL 2019

Is é príomhaidhm Chiste Éire Shláintiúil 2019 tacú le tionscadail agus tionscnaimh nuálacha, trasearnála, bunaithe ar fhianaise, trína dtacaítear le feidhmiú phríomhbheartais náisiúnta sna réimsí seo a leanas: olltracht, caitheamh tobac, alcól, gníomhaíocht fhisiciúil agus sláinte ghnéasach. Gheofar thíos sonraí na dtionscadal i Lú a fuair cistiú tríd an gCiste um Éire Shláintiúil 2019:

| Teideal an Tionscadail | Ceannasaí an Tionscadail | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| Comhordaitheoir Lú Shláintiúil | CCL le haghaidh an LCDC | €75,000 |
| Marsantú agus forbairt leathanach gréasáin | CCL le haghaidh an LCDC | €5,000 |
| Lámhleabhar de threoirlínte CPD a chur i dtoll a chéile | CCL le haghaidh an LCDC | €20,000 |
| An tSeachtain Meabhairshláinte i gcomhar leis an CIS | CCL | €5,000 |
| Clóis Súgartha saor ó thobac | CCL | €7,500 |
| Clár Piaroiliúna na nDaoine Óga | NERDTF | €15,000 |
| Clár Sláinte Gnéasaí | Seirbhísí Óige Dhún Dealgan | €15,000 |
| Maireachtáil Neamhspleách agus Cúram do Sheanóirí ina dtithe féin | ALONE<br>Feirmeoireacht Shóisialta | €28,000 |
| Feirmeoireacht Shóisialta | Éireann agus LLP | €12,000 |
| **Ciste Meabhairshláinte Pobail** | | |
| Deontais Bheaga | LCC | €30,000 |
| Clár Folláine LLP | LLP | €32,050 |

**SEIRBHÍSÍ POBAIL** IN AMHARC AMHÁIN

**€250,000** LEITHDHÁILTE AR **THIONSCADAIL ÉIRE SHLÁINTIÚIL**

**341** GRÚPA CLÁRAITHE PPN

**4 BHONN ÓIR** I mBAILTE SLACHTMHARA

**3** THRÁ BHRATACH GHORM

**66 PLEAN POBAIL** TACAITHE FAOI SICAP

**34,000 RANNPHÁIRTÍ** I gCLÁIR SPÓIRT

**221 CLÁR SPÓIRT** SEACHADTA

**1,018** DUINE AG OBAIR I DTACAÍOCHTAÍ MARGAHD SAOTHAIR **FOGHLAMA AR FEADH AN tSAOIL**

**€1.26** MILLIÚN LEITHDHÁILTE AR THIONSCADAIL LEADER

**18,000 PACA SÚGARTHA CAILCE** TUGTHA DO PHÁISTÍ SCOILE

# Tacaíocht Pobail 2019

## COMÓRTAS NÁISIÚNTA NA mBAILTE SLACHTMHARA

Bhuaigh Lú gradam náisiunta in 2019 nuair a bhuaigh Na Creagacha Dubha teideal náisiúnta a mbíonn an-tóir air – An Baile Beag is Slachtmhaire in Éirinn' i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. Tá Lú rannpháirteach sa chomórtas seo le blianta fada agus mórchuid duaiseanna buaite aige sa chomórtas. Chuaigh 23 baile agus sráidbhaile i gContae Lú isteach sa chomórtas in 2019, agus choimeád Na Creagacha Dubha, Droichead Átha agus Dún Dealgan a gcuid Bonn Óir. Bronnadh boinn chré-umha ar Chairlinn, Droichead an Chnoic agus Baile an Tallúnaigh.

Bhuaigh Na Creagacha Dubha an teideal 'Buaiteoir an Ghradaim Réigiúnaigh do Lár na Tíre agus an Oirthir' agus bhuaigh Droim Ineasclainn an 'Duais Náisiúnta do Chosc an Bhruscair'. Bhuaigh Sandpit an 'Gradam Iarracht do Chontae Lú' a chuir clabhsúr le bliain iontach do Lú




## SCÉIM TIONSCADAIL NA mBAILTE SLACHTMHARA 2019

Chuir Comhairle Contae Lú cistiú ar fáil mar seo: Cuireadh €79,173.34 de chistiú ar fáil do 18 ghrúpa do thionscadail inar díríodh ar mharcanna níos fearr a fháil i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus i gcomórtas áitiúla. Dearadh an scéim seo chun go bhféadfadh grúpaí oibreacha beaga feabhsúcháin chaipitil a dhéanamh i mbailte agus i sráidbhailte Lú. Ar na tionscadail a críochnaíodh in 2019 bhí comharthaí nua sráidbhaile a chur ar fáil i Sráidbhaile Lú, agus clár ciseán crochta/boscaí fuinneoige i nDroichead an Chnoic.

## DÁMHACHTAINÍ LÚ AG FÉACHAINT GO MAITH

Eagraíodh Duaiseanna Lú Ag Féachaint go Maith in Óstán an Crowne Plaza Hotel i Samhain 2019. Bhuaigh Coiste Bhailte Slachtmhara na gCreagacha Dubha duais mhór na hoíche agus bhuaigh Droim Ineasclainn agus Baile Átha Fhirdhia an dara agus an tríú duais faoi seach. Bhuaigh Mainistir Bhuithe an duais don 'Baile is Mó Feabhas' sa chomórtas agus bhuaigh Droichead an Chnoic 'Duais Speisialta an Mhóltóra'. Bhí áthas ar Bhaile an Tallúnaigh nuair a bronnadh 'Gradam an Chathaoirligh' orthu, agus bronNadh an 'Gradam as an Eastát Tithíochta is Fearr' ar Chlós na Manach i gCairlinn.

## DUAISEANNA DHROICHEAD ÁTHA AG FÉACHAINT GO MAITH

Is ceiliúradh bliantúil iad Duaiseanna Dhroichead Átha ag Féachaint go Maith den tiomantas agus den spiorad pobail a léiríonn grúpaí pobail, saorálaithe pobail agus an pobal gnó i nDroichead Átha. Tionóladh gradaim 2019 in Óstán D, Droichead Átha i Meán Fómhair agus bronnadh duaiseanna i gcatagóirí éágsúla, lena n-áirítear eastáit tithíochta, an gairdín is fearr, áitreabh fáilteachais agus gnó agus roinn gradaim speisialta.

Ba iad muintir Kerr ó Ardán Liam Leech, agus muintir Carton ó Waterunder a bhuaigh 'Gradaim an Mholtóra'. Bronnadh gradam ar an dá theaghlach as a ngairdíní áille a bhfuil cáil orthu ar fud Dhroichead



# Tacaíocht Pobail 2019

Átha leis na blianta. Bronnadh gradaim 'Mórtas Áite' ar chónaitheoirí Shráid an Aonaigh, a thug tionscadal bosca fuinneoige isteach ina sráid strairiúil roimh Fhleadh Cheoil na hÉireann. 2019.

## DUAISEANNA DHÚN DEALGAN AG FÉACHAINT GO MAITH

Eagraíodh Duaiseanna Dún Dealgan ag Féachaint go Maith i mí Dheireadh Fómhair i Músaem an Chontae, Dún Dealgan. Ag an ócáid bhliantúil seo, aithnítear gach duine a oibríonn gan stad gan staonadh chun dea-chuma a chur ar Dhún Dealgan. Bronnadh duaiseanna i mórchuid catagóirí, lena n-áirítear eastáit tithíochta, na gairdíní is fearr, áitreabh fáilteachais agus áitreabh gnó; agus roinnt gradaim speisialta



Bronnadh 'Gradaim an Mholtóra' ar Ionad Siopadóireachta an tSiúláin Fhada as a fheachtas chun an pobal a chur ar an eolas faoin tslí le 'beacha a mhealladh chuig do ghairdín'. Bronnadh dhá ghradam speisialta ar áitreabh áitiúla gnó, Rosemount B&B agus Teach tábhairne The Jockeys, as an tslí álainn ar cuireadh an dá áitreabh i láthair le roinnt




blianta. Bronnadh an gradam deiridh ar Shéipéal an tSlánaitheora, a athchóiríodh in 2019.

## CLÁR NA SCOILEANNA GLASA

Tá Scoileanna Glasa ar phríomhchlár bainistíochta agus oideachais comhshaoil na hÉireann do na scoileanna. Bronnadh Bratacha Glasa ar 24 scoil i Lú in 2019. Bhí Meánscoil Naomh Louis i nDún Dealgan ar cheann den dá scoil a ainmníodh mar "Scoil Uisce na hÉireann don Bhliain", as a rinne sé chun caomhnú uisce agus feasacht a chur chun cinn.

## DUAISEANNA COMHSHAOIL 'GROW' (FÁS) DO BHUNSCOILEANNA

Acrainm is an duais seo 'GROW' do 'Glas', 'In-athuaite', 'Orgánach' agus 'Íoslaghdú Dramhaíola' agus féachtar leo le duaiseanna a thabhairt do scoileanna áitiúla ar son a gcuid iarrachtaí chun an timpeallacht a dhéanamh níos glaine, níos glaise agus níos inbhuanaithe. Bronnadh na duaiseanna i mBealtaine in Óstán Crowne Plaza ar scoileanna ar fud an chontae as iarrachtaí a bhí déanta acu.

Bronnadh duaiseanna 'Scoil na Bliana' ar Scoil Náisiúnta na Mainistreach i mBaile Átha Fhirdhia, Bunscoil na Toirbhirte i nDroichead Átha agus Scoil Phádraig Naofa i gCill an Churraigh. Bronnadh duaiseanna ar dhaoine a bhí páirteach i gcomórtas Eco Tribes 2019 as an obair a rinne siad ar ghairdíní pobail. I mbliana ba iad na treibheanna ó Scoil Slánaitheora na mBuachaillí i nDún Dealgan, Scoil Náisiúnta Naomh Muire i nDroichead an Chnoic agus Scoil Naomh Buite ó Mhainistir Bhuithe a bhuaigh duaiseanna. Ainmníodh Scoil Naomh Peadar i nDroim Ineasclainn mar bhuaiteoir iomlán chomórtas Eco Tribes 2019.

## TRASHION FASHION

Ardán is ea Trashion Fashion, a eagraítear i gcomhar le Bailte Slachtmhara Le Chéile Lú, a thugann ardán do dhaltaí dara leibhéal chun rudaí a rinne siad féin as ábhar athchúrsáilte a thaispeáint. Bhí os cionn 140 dalta páirteach san ochtú Duaiseanna Trashion Fashion i mí Eanáir ag Óstán Fairways. Cuireadh



40 dearadh éadaí ar taispeáint. Ba é an dúshlán a cuireadh faoi na mic léinn éadaí couture a dhéanamh de chruth nó de mhéid ar bith, as an rud is lú a shamhlaítí le hábhair – earraí gan mhaith.

## COMÓRTAS FILÍOCHTA NÍOS GLAISE NA NOLLAG

á sé mar aidhm ag an gComórtas Filíochta Nollag Níos Glaise do bhunscoileanna feasacht a chruthú ar conas dramhaíl a chosc i rith shéasúr na féile agus meallann sé iontrálacha ó bhunscoileanna ar fud an chontae. Reáchtáladh duaiseanna 2019 ag Iar-bhunscoil na Toirbhirte i nDroichead Átha. Déantar na hiontrálacha a bhuann duais a thaifeadadh agus a sheinm ar LMFM mar fhógraí chun dramhaíl a chosc aimsir na Nollag.

Ba iad buaiteoirí 2019

- Scoil Náisiúnta Challann
  - (Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia)
- Bunscoil na Toirbhirte
  - (Ceantar Buirge Dhroichead Átha)
- Scoil Náisiúnta Naomh Iósaif
  - (Ceantar Bardasach Dhún Dealgan).






## GRADAIM NA BRATAÍ GOIRME AGUS AN CHÓSTA GHLAIS

Choimeád Lú na trí Bhratach Ghorma a bhí aici in 2019 do na tránna ag Ceann Chlochair, An Port agus Baile an Teampaill. Tá an Bhratach Ghorm ar cheann de na lipéid éiceolaíochta is mó aitheantas ar domhan. Chomhlíon na tránna tacar sonrach critéar a bhaineann le cáilíocht uisce, soláthar faisnéise, oideachas comhshaoil, sábháilteacht agus bainistíocht trá. Cabhraíonn grúpaí áitiúla pobail trí bhruscar a bhailiú go rialta ar an trá, ionas go mbíonn na tránna tarraingteach do chuairteoirí i gcaitheamh an tsamhraidh.

Fuair Trá Rinn na Mara Gradam an Chósta Ghlais den chéad uair in 2019. Aithníonn an duais tránna a bhfuil cáilíocht uisce den scoth acu ach a bhfuil meas orthu freisin as a dtimpeallacht nádúrtha gan mhilleadh. Spreagann an dámhachtain rannpháirtíocht an phobail agus mar thoradh air seo chuir roinnt grúpaí i gceantar Thearmann Feichín ag cuidiú le bainistíocht na trá.




## MÓRTAS ÁITE

Rinne trí ghrúpa pobail ionadaíocht do Chontae Lú ag duaiseanna Mórtas Áite Chomhar Éireann, i gCill Chainnigh i mí na Samhna.

Tugadh onóir d'Fhóram Pobail Chairlinn ag an ócáid, agus bhí sé sa dara háit sa chatagóir Tionscnaimh Turasóireachta Pobail.




Ba é Sráidbhaile Lú a rinne ionadaíocht don chontae sa chatagóir 'Daonra 300-1000', agus Tacaíocht Dhroichead Átha agus a Cheantar do Sheanóirí, sa Chatagóir 'Tionscnaimh Folláine Pobail'.

## SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Cuireadh an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ar bun chun maoiniú a sholáthar chun bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann a athnuachan agus chun timpeallacht mhaireachtála agus oibre na bpobal tuaithe a fheabhsú. Ceadaíodh ceithre thionscadal i Lú faoin scéim 2019 agus chuir an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail maoiniú de €338,000 ar fáil do Chomhairle Contae Lú. Seo a leanas liosta de na tionscadail a maoiníodh in 2019.

- Na Creagacha Dubha – Cosáin agus soilsiú poiblí a shuiteáil ar Bhóthar na gCreagacha (€100,000).
- Dairbhre – Uasghrádú ar an Ionad Pobail (€38,000).
- An Grianfort – Cosán a shuiteáil mar nasc idir an sráidbhaile agus na cosáin ag an bport (€100,000).
- Tearmann Feichín – Cosáin a shuiteáil ag Trá Rinn na Mara (€100,000).

## CLÁR

Tacaíonn An Clár le hidirghabhálacha a fhágann go mbíonn timpeallachtaí scoile/pobail níos sláintiúla agus níos sábháilte do leanaí atá ag dul ar scoil, agus do dhaoine fásta a úsáideann áiseanna pobail. Údaráis áitiúila a chuireann ar fáil é i gcomhar le grúpaí pobail sa cheantar.

Fuair trí thionscadal cistiú de €76,490,50 in 2019, ón Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail. Maoiníodh na tionscadail seo a leanas in 2019:

- Scoil Náisiúnta Mhullach na Boithe - Soilsiú poiblí agus bearta sábháilteachta (€9,567).
- Scoil Náisiúnta na Gráinsí Móire - Dromchla imeartha uile-aimsire a shuiteáil (€50,000).
- Fundúireacht Maria Goretti - Gairdín céadfach a shuiteáil (€16,923.50).

## CUIR STOP LE CUR AMÚ BIA

Fuarthas cistiú don Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil in 2019 chun sraith ceardlann ar "Cuir Stop le Cur Amú Bia" a eagrú le scoileanna áitiúla agus grúpaí pobail i Lú. Sa chlár seo cuireadh léiriúcháin cócarála ar fáil inar leagadh béim ar conas cur amú bia a sheachaint: pleanáil, siopadóireacht, an méid ceart a chócaráil, agus stóráil bia.

Tugadh cuairt ar na láithreáin seo a leanas, mar chuid den chuairt:

- Scoileanna Náisiúnta Naomh Eoin agus Naomh Pól, Droichead Átha.
- Ionad Acmhainne Teaghlaigh 'Connect', An Mhonaidh Mhór, Droichead Átha.
- Scoil Náisiúnta Naomh Iósaf, Muirtheimhne Mór, Dún Dealgan.
- Scoil Naomh Lorcan, Ó Méith.




## AOISCHAIRDIÚIL

I measc bhuaicphointí imeachtaí agus tionscnamh Aoischairdiúla Lú in 2019 bhí:

- Cuireadh trí cinn de cheardlanna tithíochta ar fáil d'fhorbróirí príobháideacha ar an tslí leis an Dearadh Uilíoch agus/nó Caighdeáin Oiriúnaíochta ar Feadh an tSaoil a úsáid chun tithe nua a thógáil i margadh atá ag dul in aois.
- D'fhreastail 180 duine ar Chomhdháil Aoischairdiúil in Aibreán nuair a pléadh téama na teicneolaíochta agus an daonra atá ag dul in aois.
- Bhí 25 seanóir páirteach i dtreoirscéim an Dearcáin, inar saincheapadh bogearraí chun teacht éasca ar an idirlíon a thabhairt do sheanóirí.
- Rinneadh staidéar raon feidhme ar riachtanais agus údair bhuartha na dtuismitheoirí is sine a raibh leanaí faoi mhíchumas acu.
- D'éascaigh an Chomhairle Bord Forbartha Pobail Dhún Léire agus Mol Bhaile Átha Fhirdhia agus chomhoibrigh sí leo chun 131 glas agus 117 teilifíse ciorcad iata a sholáthar do 143 rannpháirtí rathúil i gceantar lár Lú,
- D'éascaigh an Chomhairle comhordú an athchóirithe ar Ionad Cúram Lae Alzheimer na mBeitheanna, Dún Dealgan, trí Bhrainse Lú Thuaidh ASI; agus do Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe Dhún Léire, chun an foirgneamh a athchóiriú ina fhoirgneamh éifeachtúil ar fhuinneamh ón 21ú haois.

- D'éascaigh an Chomhairle Clár Feabhsúcháin Pobail ar Sheideanna Fear arbh fhiú €9,162 é.
- Thacaigh Ionad Saorálaithe Lú le 16 sheanóir chun a bheith páirteach mar shaorálaithe sa Fhleadh.

## COMHAIRLE NA nÓG

Bliain ghnóthach ab ea é do Chomhairle na nÓg Lú agus é ag obair i gcónaí ar leibhéal bardasach agus leibhéal contae araon, le grúpaí áitiúla i nDroichead Átha, i nDún Dealgan agus i lár Lú. In 2019, d'oibrigh an Chomhairle go dlúth le hIonad Óige Dhún Dealgan, le Caifé Óige Boomerang agus le DeeHUB chun tacú le cruinnithe bardasacha.

I gcaitheamh na bliana chríochnaigh comhaltaí tionscadail ar Fheasacht Drugaí agus Alcóil, Meabhairshláinte agus LADTI agus Easpa Dídine. I nDún Dealgan, bhí 'Fan Amuigh' ag na comhaltaí ar Chearnóg an Mhargaidh i nDeireadh Fómhair chun aird a dhíriú ar easpa dídine i measc na hóige agus ar shurfáil ar thoilg.

Bhí comhaltaí na Comhairle páirteach, freisin, in dhá cheann de thionscadail shuntasacha Peace 4 a phleanáil, a dhearadh agus a chur ar fáil. Cuirtear oiliúint agus uas-sciliú ar fáil do dhaoine óga faoin Tionscadal Ceannaireachta Chathartha le tuiscint a thabhairt dóibh ar choimhlint ina bpobail féin. Bhí an grúpa páirteach i gcuairt staidéir go Beirlín in Aibreán chun buntuiscint a fháil ar thionchar an Chéad agus an Dara Cogadh Domhanda agus an Chogaidh Fhuair.

Rinne comhaltaí ceangail le comhairlí óige sa cheantar agus d'oibrigh siad go dlúth le Comhairle Óige Mhuineacháin, an Chabháin, na hIúire agus Mhorna, Ard Mhacha agus Dhroichead na Banna sa dara tionscadal Peace 4 ar tugadh Tionscal Líonraithe Chomhairle na nÓg air. Tugtar daoine óga ó cheantar na teorann le chéile sa tionscadal seo. Eagraíodh ócáid i Samhain chun taiscéaladh a dhéanamh ar Shábháilteacht Pobail do Dhaoine Óga.

Eagraíodh Cruinniú Cinn Bhliana na Comhairle i nDeireadh Fómhair in Óstán Carrickdale agus bhí 116 duine óg i láthair. Bhí ról lárnach ag comhaltaí Chomhairle Lú i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm ócáid Chomhairle na nÓg i dTeach Laighean i Samhain.

## SPORTS UNIT

Chuir Aonad Spóirt Lú agus Comhpháirtíocht Áitiúil Spórt Lú 221 clár agus cúrsa oiliúna ar fáil in 2019 agus bhí 34,759 duine páirteach iontu.

Earcaíodh Oifigeach Spóirt um Chuimsiú Míchumais i dtreo dheireadh na bliana agus ba dheis é sin chun na cláir a d'fhorbair Aonad Spóirt na Comhairle a leathnú. I gcaitheamh 2019, d'eagraigh an tAonad Spóirt 143 ócáid agus tionscadal ar mhaithe le méadú a dhéanamh ar líon na ndaoine a bhí páirteach i gclubanna agus in eagraíochtaí áitiúla.

Fuair gach páiste bunscoile i gContae Lú paca Súgradh le Cailc, agus dáileadh 17,998 tiúb ar na scoileanna lena scaipeadh.

Bhuaigh Ionad Spóirt Dhún Dealgan an gradam in 2019 don 'Tionscnamh Rochtana agus Cuimsithe Míchumais is Fearr' ag Gradaim Uile-Éireann LAMA do Phobail agus do Chomhairlí. Bhuaigh an tAonad Spóirt an 'Gradam Grand Prix' a mbíonn an-tóir air, as bheith ar an iontráil a fuair an scór ab airde ó na moltóirí i ngach catagóir.





SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE
IN AMHARC AMHÁIN

471,209
MÍR LEABHARLAINNE EISITHE
(MÉADÚ 30% AR 2018)

1,030
CUAIRT ÓN LEABHARLANN TAISTIL

214 CUAIRT LEABHARLAINNE SCOILE

264,551 CUAIRT AR BHRAINSÍ LEABHARLAINNE
MÉADÚ 2% AR 2018

711 IMEACHT IN 5 BHRAINSE

22,054
BALL
MÉADÚ 43%
AR 2018

216 CUAIRT AR THEACH ALTRANAIS

# Leabharlann, Ealaíona, Músaem, Oidhreacht, Cartlanna

## SEIRBHÍS LEABHARLAINNE DHÚN DEALGAN

Tháinig méadú suntasach ar bhallraíocht, ar líon na gcuairteoirí agus ar eisiúintí i ngach leabharlann brainse in 2019. Eagraíodh 711 ócáid, comhdhéanta de 385 ócáid do pháistí agus 316 ócáid do dhaoine fásta. Chuir Seirbhís Leabharlainne Lú na spriocanna straitéiseacha a bhí leagtha amach in Ár Leabharlanna Poiblí 2022 i bhfeidhm, chun áit iontaofa chruinnithe a dhéanamh den leabharlann sa phobal áit a bhfaighfear treoir agus tacaíocht i réimsí amhail léitheoireacht agus litearthacht, foghlaim ar feadh an tsaoil, gnó agus fostaíocht, maireachtáil shláintiúil agus folláine.



## AN CLÁR UM CHEART LÉITHEOIREACHTA

Bhí rath i gcónaí ar na cláir agus na himeachtaí a chuirtear ar fáil mar chuid den tionscnamh litearthachta Ceart Léitheoireachta. Ba iad buaicphointí an chláir:

- **Am Scéalaíochta an Earraigh:** Bhain os cionn 210 rannpháirtí sult as léitheoireacht teaghlaigh agus as scéalta a roinnt le linn ceithre sheisiún déag scéalaíochta i mí Aibreáin.
- **Clár Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh**: Chláraigh 1,377 pháiste agus lean siad ar aghaidh ag léamh le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Eagraíodh 28 ócáid san iomlán, agus d'fhreastail 388 páiste orthu.
- **Féile Leabhar na bPáistí 2019:** D'óstáil Leabharlanna Lú 23 ócáid chomhoibritheacha chun forbairt léitheoirí agus litearthacht a chur chun cinn le linn Fhéile Leabhar na bPáistí i nDeireadh Fómhair 2019, a mheall os cionn 500 rannpháirtí.
- **Am Teaghlaigh i do Leabharlann:** D'óstáil Leabharlanna Lú seacht n-imeacht i Nollaig, agus d'fhreastail 209 duine orthu.

## ÉIRE SHLÁINTIÚIL AG DO LEABHARLANN

Tionscnamh a threoraíonn agus a mhaoiníonn an rialtas is ea Éire Shláintiúil i do Leabharlann chun foinse mhórluachmhar eolas ar chúrsaí sláinte a dhéanamh de leabharlanna sa phobal. Eagraíodh clár imeachtaí sláinte i ngach ceann de na brainsí leabharlainne. Cuireadh tús le céim a trí den tionscnamh in Iúl 2019 agus mairfidh sé go Márta 2021, ar an téama Ith go Sláintiúil, Smaoinigh go Sláintiúil, Bí Sláintiúil.

## IS FIÚ AN OBAIR

Tacaíonn tionscnaimh 'Is fiú an Obair ag An Leabharlann' le gnólachtaí, fiontair agus fosaíocht sa phobal áitiúil trí thacú le daoine aonair chun fostaíocht a aimsiú, gairm a athrú nó a ngnó féin a fheabhsú. San áireamh in acmhainní an tionscnaimh bhí spásanna oibre i dtrí leabharlann lánaimseartha, WiFi in aisce, ríomhairí glúine/deisce le húsáid, roinnt leabhar agus eolais úsáidigh, clár do phoist agus Clár Is Fiú an Obair d'imeachtaí, de chainteanna agus de cheardlanna. Le linn 2019, bhí 'Is Fiú an Obair' á chur ar fáil i gcónaí i gcomhar le LMETB, Intreo, Ionad Saorálaithe Lú, LEO agus Mol Fiontair an Mhuilinn i nDroichead Átha. Bhí Clár Béarla don Fhostaíocht, ranganna Béarla saor in aisce do dhaoine nach cainteoirí dúchais Béarla iad ar fáil ó thús deireadh 2019 i Leabharlann Dhún Dealgan. Cuireadh ranganna ríomhaireachta ar fáil mar ba ghnách in iliomad brainsí den leabharlann faoin tionscnamh 'Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh'.

## CLÁR GENESIS: TIONSCADAL LITEARTHACHTA SNA LUATHBHLIANTA

Cuireadh cistiú do thacaíochtaí leabharlainne do phobal imeallaithe, eisiata go sóisialta agus faoi mhíbhuntáiste, ar fáil trí Chistiú na gCuntas Díomhaoin ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, a chumasaigh do Sheirbhís Leabharlainne Lú comhoibriú ar thionscadal litearthachta sna luathbhlianta le Clár Genesis. Thug an leabharlann taistil cuairt ar roinnt seirbhísí luathbhlianta i gceantair faoi mhíbhuntáiste ar fud an chontae i bhfómhar/geimhreadh 2019, le héascaitheoirí gairmiúla a d'eagraigh seisiúin scéalaíochta, amhránaíochta agus rannta do leanaí agus a chur tábhacht na cumarsáide, na teanga agus na tacaíochta litearthachta chun cinn. Tar éis na gcuairteanna sin, thug na leanaí, foireann luathbhlianta agus tuismitheoirí cuairt ar an mbrainse leabharlainne ba ghaire dóibh, mar ar bronnadh boinn ar na leanaí, agus bhí seans ag tuismitheoirí fáil amach faoina bhfuil ar fáil sa leabharlann, i suíomh neamhfhoirmiúil. I gcomhar le clár Genesis, d'fhorbairt Seirbhís Leabharlainne Lú na liostaí léitheoireachta molta ar an athrú ón réamhscoil go dtí an scoil náisiúnta, ma thaca le clár nua Genesis 'Flying Start'. Tá líon mór de na teidil seo ar fáil ó gach brainse lena dtógáil ar iasacht. Cuireadh leabharliostaí do chlár 'Incredible Years' Genesis ar fáil i ngach brainse leabharlainne.

## AN FHÉILE STAIRE

Mar chuid de shnáithe pobail Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2019, a mhaoinigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, eagraíodh Féile Staire Chomhairle Contae Lú ón 24-28 Meán Fómhair. Thug 19 sainchainteoir éagsúla caint spreagúil uathu ar raon ábhar, lena n-áirítear an Réabhlóid i Lú, an Chéad Dáil; Mná agus an Réabhlóid agus an Réabhlóid Thuaidh agus Theas.

## OÍCHE CHULTÚIR/CULTURE NIGHT

Chun oíche chultúir a mharcáil ar an 20 Meán Fómhair, thionóil Leabharlann Dhún Dealgan seisiún dátheangach filíochta agus amhránaíochta leis an gceoltóir áitiúil Mark Corcoran agus Plastic Palach People, rud a chomh-mhaoinigh Oireachtas na Gaeilge. D'óstáil Leabharlann Átha Fhirdhia Dilín Ó Deamhas, oíche mhór ceoil agus amhrán Gaeilge do pháistí, in éineacht le Banna Ceolchoirme Átha Fhirdhia, Ceolfhoireann Traidisiúnta Oirialla, agus daltaí ó Scoil Náisiúnta Bhaile an Tallúnaigh agus Scoil Mhuire na Trócaire, Baile Átha Fhirdhia.

## WEE COUNTY BIG BOOK (CLUB LEABHAR MÓR AN CHONTAE BHIG)

Bhí an t-úrscéalaí coireachta, Liz Nugent, a bhfuil gradaim buaite aici, i Lú i Meán Fómhair 2019 le haghaidh comhrá i dtaobh a leabhair 'Skin Deep' a






roghnaíodh mar phríomhleabhar Chlub Leabhar Mór an Chontae Bhig 2019. Comhthionscadal idir Ionad Ealaíon an Droichid, Seirbhís Leabharlainne Lú, Ionad Ealaíon na Tána, Creative Spark agus Words Ireland ab ea clár 2019.

## FÉILE EOLAÍOCHTA LÚ

D'fhreastail os cionn 2,000 duine ar shraith imeachtaí le linn dara Féile Eolaíochta Lú, ón 11-23ú Samhain. Ba é gníomhú ar son na haeráide téama na bliana seo agus reáchtáladh é i gcúig cinn de leabharlanna brainse, dírithe ar dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile, agus ar an bpobal i gcoitinne. Déanann Fundúireacht Eolaíochta Éireann an fhéile a pháirt-mhaoiniú. Eagraíodh clár imeachtaí STEAM i gcaitheamh na bliana, ag cur béim ar a thábhachtaí atá an litearthacht dhigiteach. I measc na n-imeachtaí bhí ceardlanna códúcháin ón tús do dhaoine fásta agus do pháistí, agus ceardlanna réaltachta fíorúla do sheanóirí.

## FÉILE BHEALTAINE

Eagraíodh féile náisiúnta na hÉireann a cheiliúrann na healaíona agus an chruthaitheacht de réir mar a théimid in aois, i mí na Bealtaine, agus cuireadh 14 imeacht saor in aisce ar fáil sna leabharlanna brainse uile.

## FLEADH CHEOIL 2019

Reáchtáladh seacht n-imeacht i Leabharlann Dhroichead Átha ag an am céanna le Fleadh Cheoil na hÉireann 2019.

## CLÁR LÚ ÉIRE CHRUTHAITHEACH

D'óstáil an tSeirbhís Leabharlainne **'Ar Sciatháin Fhéileacáin'** ar thaibhiú oideachais é a scrúdaíonn saol an fhéileacáin, a thionchar ar shaol an duine agus na bagairtí a ghabhann leis an athrú aeráide agus an truailliú. Ba iad an t-ealaíontóir Daithí Kearney agus an t-eolaí Bridget Kelly a d'éascaigh an tionscadal le cabhair ó mhic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a d'oibrigh le daltaí rang a cúig i dtrí cinn de scoileanna náisiúnta i nDún Dealgan. Chloí sé le cur chuige cruthaitheach i leith na forbartha gairmiúla 'Write a Science Opera (WASO) i leith an cheoil agus an oideachais eolaíochta trínar tháinig daltaí ag aoiseanna difriúla le tacaíocht ó mhúinteoirí, ealaíontóirí ceoldráma agus eolaithe, le bheith ina cruthaitheoirí dá dtaibhiú féin.

## MO SHEIRBHÍS OSCAILTE LEABHARLAINNE

Tugadh an tionscnamh nua isteach i leabharlann Átha Fhirdhia ar an 19 Márta 2019 chun cead a thabhairt do dhaoine a roghnaigh ballraíocht bhreisithe Mo Leabharlann Oscailte na gnáthsheirbhísí laethúla leabharlainne a úsáid mar aon le teacht ar spás staidéir, seomra cruinnithe agus acmhainní agus seirbhísí lasmuigh de na gnáthuaireanta leabharlainne idir a 8 ar maidin agus a 10 istóiche, 365 lá na bliana. Tá an-tóir ar an tseirbhís agus fuair an Chomhairle aiseolas an-dearfach ón bpobal.

## SUÍOMH GRÉASÁIN AGUS FEIDHMCHLÁR SHEIRBHÍS LEABHARLAINNE LÚ

Tá léirithe ar ríomhsheirbhisí ar siúl i gcónaí i leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Átha Fhirdhia gach mí. Is deis don phobal iad na léirithe seo ar an raidhse eolais atá ar fáil saor in aisce ar líne trí shuíomh gréasáin agus feidhmchlár na leabharlainne, lena n-áirítear teacht ar nuachtáin, irisleabhair agus cúrsaí foghlama teanga. Tá Feidhmchlár Sheirbhís Leabharlainne Lú ar fáil ar ghléasanna Android agus Apple araon agus tugann siad teacht breisithe ar na seirbhísí ar líne agus an t-úsáideoir díreach chuig sraith ríomhsheirbhísí leabharlainne. Gheofar é ar ár suíomh gréasáin ag www.louthcoco.ie nó sa Google Play Store.

# Na hEalaíona

Chuir CreateLouth, seirbhís ealaíon Chontae Lú, raon gníomhaíochtaí ar fáil in 2019, agus iad ar fad i gcomhréir le chúig mhór-réimse oibre na Seirbhíse - Ealaíona Forbraíochta & Pobail; Deontais & Dámhachtainí; Eolas & Comhairle; Clárú Ealaíonta; agus Ionadaíocht & Pleanáil.

## FORBAIRT & POBAL

Eagraíodh **Trad @ Heart,** clár seachtaine de 17 thaibhiú agus imeachtaí beaga ceoil, i naoi suíomh ospidéil agus cúram sláinte do shaoránaigh nárbh fhéidir leo freastal ar Fhleadh Cheoil na nÉireann i nDroichead Átha de dheasca drochshláinte.

Cuireadh tús le **SLIDES,** tionscnamh comhoibritheach le hIonad Ealaíon Dhroichead Átha in 2018 idir an grianghrafadóir mín-ealaíne Kate Nolan agus an seinnteoir fidil Gerry O'Connor, as ar lean taispeántas le linn Fleadh Cheoil na hÉireann 2019.

Chuir an Oifig Ealaíon ceithre chinn de phodchraoltaí ar fáil mar chuid de **Cheol sa Bhaile** agus bhain éisteoirí taitneamh astu ar fud an domhain ar shuíomh gréasáin Fhleadh Cheoil na hEireann. Cuireadh na ceoltóirí Nuala Kennedy, Nicholas Carolan, Áine McGeeney agus Dónal O'Connor agus an t-amhránaí SJ McArdle sa cheantar faoi agallamh.

Ceiliúradh **Oíche Chultúir 2019** i Lú le himeachtaí in Ionad Ealaíon na Tána, Creative Spark, Amharclann Óige MAD, Leabharlann Dhún Dealgan, Oifig BIDS, Músaem an Chontae, Spirit Store, Leabharlann Átha Fhirdhia, Ionad Ealaíon an Droichid, Teach Barlow, Gailearaí Highlanes agus Músaem agus Ionad Ceardaíochta Chnoc an Mhuilinn. D'fhreastail os cionn 1,000 duine ar 16 imeacht in 12 ionad.

Ceiliúradh an **Amharclannaíocht** i bhfómhar 2019 le Deireadh Seachtaine Cónaithe bliantúil na hAmharclainne Óige, inar soláthraíodh ceardlanna drámaíochta agus gluaiseachta do 36 rannpháirtí óige ó thrí amharclann óige Lú.

Cuireadh sé thaibhiú ar fáil i suíomhanna tithe cúraim leighis ar fud an chontae mar chuid de **Bealtaine 2019,** do chónaitheoirí agus do chuairteoirí lae araon.

Óstáladh **Cruinniú Na nÓg** 2019 sa Sean-Mhainistir Mhór i Meitheamh nuair a cuireadh clár lae cruthaitheachta ar fáil do dhaoine óga agus do pháistí i Lú. I measc na ngníomhaíochtaí bhí amharclann óige, ealaín, tóraíocht taisce stairiúil, taispeántas draíochta, scéalaíocht, boghdóireacht, cluichí traidisiúnta, ceol, graifítí, drámaíocht agus ceardlanna beochana.

## DEONTAIS & DÁMHACHTAINÍ

In 2019, chuir CreateLouth sparánachtaí agus dámhachtainí éagsúla ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí i gContae Lú, lena n-áirítear: Deontais CreateLouth faoin Acht Ealaíon; An Scéim Ceannaigh Uirlisí Ceoil Scoile; Dámhachtain Ionad Tyrone Guthrie; Dámhachtain Chumann Drámaíochta na hÉireann. Ceadaíodh 42 deontas san iomlán in 2019.

## EOLAS & COMHAIRLE

Is é suíomh gréasáin **www.createLú.ie** an lárionad d'imeachtaí, do dheiseanna, do thionscadail agus d'acmhainní ealaíon i gContae Lú. Gheofar ar createlouth.ie gach eolas ar Thaisce Lú, bailiúchán ealaíne Chomhairle Contae Lú, trí bhunachar sonraí idirghníomhach a thugtar chun dáta gach lá. Slí eile le gníomhaíochtaí ealaíon a chur chun cinn i gContae Lú is ea leathanach Twitter Chomhairle Contae Lú (#loutharts).





## CLÁIR EALAÍON

Eagraíodh Taisce Lú, Rogha an Choimeádaí - clár foilseachán, taispeántas agus ceardlann ealaíne do scoileanna ina n-úsáidfear bailiúchán ealaíne Chomhairle Contae Lú i Samhain agus i Nollaig 2019, in Ionad Ealaíon na Tána, Dún Dealgan.

## ÉIRE CHRUTHAITHEACH

Dearadh clár comhoibritheach Éire Chruthaitheach do Lú 2017 - 2022 chun folláine daoine aonair agus phobail Lú a chur chun cinn trí imeachtaí cultúrtha agus cruthaitheachta. Chuir Foireann Cultúir Lú sé thionscadal chomhoibritheacha ar fáil in 2019 sna réimsí seo a leanas: STEAM (An Eolaíocht, an Teicneolaíocht, an Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mata), an stair, na hamharcealaíona, an drámaíocht, an litríocht, an scannánaíocht, an ceol, an cheardaíocht, an oidhreacht thógtha agus an comhshaol. Thacaigh Ciste Pobal Cueanltúrtha Éire Chruthaitheach le 13 ghrúpa chun taighde, pleanáil a dhéanamh do thionscadail agus iad a chur i gcrích.

## MÚSAEM CONTAE DHÚN DEALGAN

Osclaíodh an taispeántas **'When an Engineer Imagines'** in onóir an innealtóra Peter Rice as Lú i Músaem an Chontae i mí Feabhra 2019.. San áireamh sa taispeántas seo bhí samhlacha a chruthaigh mic léinn ó Scoil Ailtireachta Shráid Bolton. Ba shamhlacha iad de chuid de na foirgnimh ba thábhachtaí agus ba íocónaí den 20ú haois, a bhí deartha ag Rice: Teach Ceoldrámaíochta Sydney, Aerfort Kansai, Lárionad Pompidou agus Lloyd's of London. Gné thábhachtach den taispeántas seo ab ea limistéar a chur ar fáil inar iarradh ar chuairteoirí iad féin a thumadh isteach san eispéireas go hiomlán, agus ghlac mórchuid daoine leis an dúshlán seo agus chruthaigh foirgnimh, droichid agus tionscadail éagsúla innealtóireachta eile.

Tá Músaem an Chontae ag leathnú amach a chuid bailiúchán i gcónaí le tacaíocht an phobail agus mar bhuíochas ar fhlaithiúlacht an phobail. I measc na



míreanna a bronnadh ar an músaem tá: ceann cloiche snoite; bosca bronntanais ó PJ Carroll's; póstaer de dhráma le Paul Vincent Carroll; cárta agus pas taistil ó na 1950í; rogha míreanna i dtaobh Fhéile na Bealtaine, lena n-áirítear bratach Fhéile na Bealtaine agus slabhra an Uachtaráin; agus mír ealaíne ón Nígéir i bhfráma.

D'óstáil an músaem féilire éagsúla imeachtaí cultúrtha ó cheann ceann na bliana, lena n-áirítear léachtaí a d'eagraigh Seanchumann Dhún Dealgan ar thopaicí ar nós: na mBráithre Críostaí i nDún Dealgan; stair an Iúir; agus stair na bPreispitéireach i nDún Dealgan. I measc gníomhaíochtaí rannpháirteacha pobail bhí turais threoraithe ar Dhún Dealgan; cuimhní cinn ar Chraobhchomórtais Sacair Istigh i nDún Dealgan; agus Oíche Chultúir a eagraíodh i gcomhar le BIDS. Thug roinnt daoine móra le rá cuairt ar an músaem in 2019, lena n-áirítear A Oirirceacht Ambasadóir na hEilvéise, Louis-José Touron; agus Ooni of Ife, Adyeye Enitan Ogunwusi Ojaja II ó Ríocht Yoruba Ile-Ife sa Nigéir, a thug cuairt ar an músaem mar chuid de chuairt a thug sé ar Éirinn. Thug grúpa teachtaí parlaimint ón nGearmáin cuairt ar an músaem, agus pléadh impleachtaí an Bhreatimeachta, tábhacht an chultúir agus na staire, agus a thionchar ar ár saol inniu agus an saol amach romhainn.



## OIFIG OIDHREACHTA

Chuir Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Lú seirbhís sainchomhairle ar nithe a bhaineann le hoidhreacht maidir le raon leathan comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha in 2019, lena n-áirítear Pleanáil, Bonneagar agus Oibríochtaí na Comhairle, agus trí dhul i mbun oibre le comhlachtaí eile, ar nós Gníomhaireacht na Lochanna.

**Fuarthas cistiú na Comhairle Oidhreachta le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:**

- Cartlanna agus léarscáileanna stairiúla Dhroichead Átha a chaomhnú, faoi threoir Seirbhís Cartlainne an Chontae.
- Tá suirbhé atá bunaithe go páirteach ar GIS ar fáil ar phlaiceanna cuimhneacháin agus ar chuimhneacháin eile ar www.louthcoco.ie in 2020.
- Thacaigh an Oifig Oidhreachta le Seirbhís Cartlainne an Chontae ar thionscadal atá á maoiniú ag Éire Chruthaitheach ag imscrúdú stair thráchtála mhuintir Uí Bhroin i Lú.
- D'fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann Atlas Bhailte Stairiúla Dhroichead Átha in 2019, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Lú.

D'oibrigh an Oifig Oidhreachta le raon comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha ar 'Seiceáil Sláinte Comhoibrithe i Lár an Bhaile' i nDún Dealgan, faoi threoir na hOifige Oidhreachta.

## BITHÉAGSÚLACHT

Fuair an Oifig Oidhreachta deontas do Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta maidir le geabhróga beaga atá ag neadaireacht ar Bhaile Trá, faoi choimirce Iontaobhas Dúlra Lú.



Taisceadh os cionn 3,000 taifead bithéagsúlachta in 2019 ó Chontae Lú, saorálaithe a thaisc a bhformhór, leis an Ionad Sonraí Náisiúnta Bithéagsúlachta, i dtaobh 677 speiceas. D'fhág sin Lú sa 13ú áit go náisiúnta.

## IMEACHTAÍ POIBLÍ:

**An tSeachtain Oidhreachta (Lúnasa)**Thacaigh Bus Éireann le turas bus ar Dhún Dealgan le linn na Seachtaine Oidhreachta 2019.



**Féile Ealaíon Dhroichead Átha (Bealtaine) agus Fleadh Cheoil na hÉireann (Lúnasa)** Chabhraigh an tOifigeach Oidhreachta chun Geata San Labhrás a oscailt don phobal.



# Cartlann an Chontae

Déanann Cartlann an Chontae bailiúchán mórluachmhar cartlann príobháideach agus poiblí an chontae a aithint, a chaomhnú agus a chur ar fáil; cuireann sí seirbhísí bainistíochta taifead do Chomhairle Contae Lú tríd an mBeartas Coinnithe Náisiúnta a athleasú le haghaidh taifead údaráis áitiúil.

## TIONSCADAIL CHOMHOIBRITHEACHA

Comhthionscadal idir Cumann Sean-Dún Dealgan agus Roinn Ríomheolaíochta agus Matamaitice DkIT is ea Tionscadal Reilig Naomh Pádraig chun feidhmchlár aimsithe uaigheanna agus suíomh gréasáin a chur ar fáil don reilig. Lean an obair ar an dara céim den tionscadal ar aghaidh: shroich saorálaithe a bhí ag trascríobh na dtaifead adhlactha an lár phointe nuair a shroich sé 1960í.

Comhthionscadal leis an Oifig Oidhreachta ab ea an Tionscadal Taighde ar an Oidhreacht Marsanachta, Tionsclaíoch agus Tráchtála agus fuair sé páirt-mhaoiniú ó Éire Chruthaitheach. In 2019 tugadh an taighde ar bhailiúcháin cartlainne i gCéim 1 chun críche mar aon leis an insint a bheidh in úsáid sa taispeántas ar líne. Eagraíodh imeacht poiblí ar an tionscadal i nDeireadh Fómhair 2019.

Tionscadal Dhroichead Átha um Chaomhnú na Cartlainne Rinneadh caomhnú ar roinnt cartlann as Droichead Átha, lena n-áirítear léarscáil Taylor & Skinner 1778 agus ar léarscáil Robert Newcomen 1657. I measc na míreanna eile bhí grúpa teastas iontrála saorfhear a ligeadh isteach sa Bhardas (1811-42), deonú faoiseamh riaráiste (1725), duillíní agus custaim geata (1772, 1812) agus léarscáileanna eile. Bhí an tionscadal buíoch as cistiú a fuarthas ón gComhairle Oidhreachta agus ó Oifig Oidhreachta Lú.

I measc na nithe a fuair Seirbhís Cartlainne an Chontae: ábhar a bhain le Mór-Iarnród an Tuaiscirt (Éire) (GNRI), lena n-áirítear colláis grianghraf de chuid Richard W Meredith, príomhinnealtóir meicniúil GNRI ó 1950-1952; agus grianghraif de Peter Hughes, a bhí ina chéad chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú, 1899-1913.

## TAISPEÁNTAIS

Cuireadh taispeántas comórtha céad bliain ar 1918 de chuid Chartlann an Chontae dar teideal 'It is resolve that..., a cuireadh le chéile le cistiú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Éire Chruthaitheach agus Comhairle Contae Lú agus tugadh é ar camchuairt chuig mórchuid ionad ar fud an chontae in 2019, lena n-áirítear Halla an Chontae, Amharclann na Tána, DkIT agus leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia. Dhírigh an taispeántas ar an tréimhse chriticiúil idir Éirí Amach 1916 agus Olltoghchán Nollaig 1918..

**120 years of Local Democracy** (120 bliain den daonlathas áitiúil) Taispeántas ar líne le cothrom céad fiche bliain ó na chéad toghcháin áitiúla in 1899 a chomóradh.

**Celebrating the History of Irish Local Government** (Stair an Rialtais Áitiúil in Éirinn a Cheiliúradh) Taispeántas taistil a chruthaigh grúpa Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

**'Joseph Dolan - A Distinguished Ardonian'** (Joseph Dolan - Fear móra as Baile Átha Fhirdhia) a bhí ar taispeáint ar feadh Seachtain na hOidhreachta i Lúnasa i gCartlann an Chontae.

Feachtas **'Explore Your Archive' campaign** ('Cuir Eolas ar do Chartlann') Bhí Cartlann Chontae Lú páirteach i bhfeachtas a d'eagraigh Cumann na gCartlann agus na dTaifead Éireann, i Samhain trí íomhánna óna bhailiúcháin a phostáil ar Twitter agus Facebook leis na haischlibeanna **#exploreyourarchives** and **#lovelocalarchives.** Aibhsíodh bailiúchán cartlainne Joseph Dolan ar leathanach gréasáin 'Features Archives' de shuíomh gréasáin Chumann na gCartlann agus na dTaifead Éireann.

# Fleadh Cheoil na hÉireann 2019

Ba é Contae Lú a d'óstáil Fleadh Cheoil na hÉireann, an fhéile cheoil thraidisiúnta is mó in Éirinn, uair amháin eile in 2019. Meastar gur thug leath mhilliún duine cuairt ar Dhroichead Átha idir 11 agus 18 Lúnasa, agus sháraigh líon na gcuairteoirí líon na bliana seo caite.

Chuir Comhairle Contae Lú acmhainní ar fáil do Rúnaíocht na Fleadh agus don oifig seachadta tionscadal, le tacaíocht ó stiúrthóireachtaí seirbhíse na n-údarás áitiúil. Thug Coiste Feidhmiúcháin na Fleadh daoine aonair agus pobail le chéile ó gach cearn de réigiún Dhroichead Átha chun bheith páirteach sa rath a bhí ar an imeacht. Chuir an Céad Míle Fáilte a léirigh an pobal áitiúil agus an chuma shlachtmhar a bhí ar áitribh ghnó agus ar spásanna poiblí go mór le heispéireas na gcuairteoirí.

Bhí an ócáid slán sábháilte agus taitneamhach don líon mór cuairteoirí a thriail air de bharr cur chuige tras-stiúrthóireachta i leith bainistíocht an uile rud idir ceadúnais reachtúla d'imeachtaí, trádálaithe sráide, bainistíocht tráchta, iarrataí ar chóiríocht agus eolas do thurasóirí, glanadh sráideanna agus cothabháil na bpríomhsheirbhísí amhail seirbhísí dóiteáin agus éigeandála agus seirbhísí uisce agus fuíolluisce, i gcomhar le hUisce Éireann.

Ar ndóigh bhí clár fadbhunaithe agus forleathan ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha Chontae Lú mar thaca ag Fleadh 2019, rud a chuir lenár gclár rathúil 'Éire Chruthaitheach'. Ní fathach ina chodladh é Droichead Átha a thuilleadh, ní gá ach ceist a chur ar an leath mhilliún duine a thug cuairt ar an mbaile le linn Fleadh 2019. Tá spiorad an phobail i gcroílár Dhroichead Átha. Is baile ar leith é ina maireann agus oidhreacht chultúrtha agus spiorad comhaimseartha i dteannta a chéile.

Bhí an tsaorálaíocht lárnach sa Fhleadh chun na himeachtaí éagsúla a chur ar fáil. Chabhraigh foireann Chomhairle Contae Lú chun a ndualgais rialála a chomhlíonadh ag tacú leis an bhFleadh, agus chaith os cionn 1,200 uair an chloig dá gcuid ama saoir ag tacú le comórtais, ceolchoirmeacha agus leis an iliomad ócáid eile le linn na Fleidhe.

Ceiliúradh fírinneach ab ea Fleadh 2019 ar na rudaí is deise linn faoi Éirinn; ba dheis é chun taitneamh a bhaint as ár dtraidisiúin uaisle agus gach atá le tairiscint ag Contae Lú a thaispeáint don saol mór.






DROGHEDA
TOWN CENTRE
Specsavers
town centre pharmacy


Welcome to the Fleadh Cheoil
in Drogheda
THE CREDIT UNION
PROUD SPONSORS OF
Fleadh Cheoil na hEireann
YIELD
SAMARITANS
TO LET










Drogheda Welcomes
Fleadh Cheoil
na hÉireann



# 4

## PLEANÁIL, BONNEAGAR, FORBAIRT GHEILLEAGRACH & GNÓTHAÍ EORPACHA

Tacaíonn Aonad Forbartha Eacnamaíocht Lú le forbairt chomhordaithe eacnamúil an chontae trí dhul i mbun pleanála chun tionscadail a thionscnamh agus a bhainistiú, tionscadail a chuireann go mór lena forbairt gheilleagrach leanúnach. San aonad seo tá LEO, oifig turasóireachta, seirbhís ealaíon, oibreacha oidhreachta, pleanála agus caomhantais agus Gnóthaí Eorpach. Tá sé bainteach le margú agus cur chun cinn na Comhairle mar áit ghnó-chairdiúil agus déanann pleanáil straitéiseach eacnamúil a úsáidtear mar bhonn le cinntí beartais Chomhairle Contae Lú.




Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

**SEIRBHÍSÍ PLEANÁNA** IN AMHARC AMHÁIN

**BRONNADH BRATACH CORCRA AR DHROICHEAD ÁTHA**
AR SON CHAIGHDEÁIN AN GHEILLEAGAIR LAE AGUS OÍCHE

**1,040 IARRATAS PLEANÁLA** FAIGHTE

**8 gCOMHAIRLIÚCHÁN** RÉAMHIARRATAIS **d'FHORBAIRT TITHÍOCHTA** STRAITÉISÍ

**286 IARRATAS RÉAMHPHLEANÁLA** FAIGHTE

**237** GEARÁN FAIGHTE FAOI FHORBAIRT NEAMHÚDARAITHE

**34** GEARÁN FAIGHTE FAOI **STRUCHTÚIR CHONTÚIRTEACHA**

**3** LÁITHREÁN CLÁRAITHE AR **CHLÁR NA LÁITHREÁN TRÉIGTHE**

# Athbheochan Shráid Chlann Bhrasaíl agus Tionscadal Cheathrú San Nioclás

Tosaíodh ar athbheochan Shráid Chlann Bhrasaíl agus Ceathrú San Nioclás i nDún Dealgan in Eanáir 2019. I gceist sna hoibreacha sa ríocht phoiblí ar Shráid Chlann Bhrasaíl, Sráid an Teampaill agus cuid de Shráid an Droichid, chuig Séipéal San Nioclás thar 600m nó mar sin beidh cosán eibhir níos leithne a sholáthar, mar aon le plaza do choisithe, áiteanna páirceála asfailt, cur plandaí agus áiteanna suí, uasghrádú ar an soilsiú poiblí agus gach seirbhís. Feabhsófar na trasnuithe do choisithe agus fágfar na cosáin níos saoire ó rudaí beaga.

Is fiú timpeall €5m an conradh agus is infheistíocht shuntasach é i mbaile Dhún Dealgan ó Chomhairle Contae Lú agus ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, atá ag páirtmhaoiniú na n-oibreacha. Ba an conraitheoir John Cradock Ltd. Chill Chuilinn, Contae Chill Dara a fuair an conradh. D'oibrigh an conraitheoir céanna ar uasghrádú agus feabhsú Chearnóg an Mhargaidh cheana.




# An Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha

Fuair Comhairle Contae Lú 28 iarratas in 2019 ar an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha. Roinneadh €79,000 de chistiú idir seisear iarratasóirí. I gceist anseo bhí Drumgoolin Thatch (ceann tuí a athchur); teach cónaithe ar an bPríomhshráid, Ceann Clochair (ceann tuí/cíor mhullaigh a dheisiú); áit chónaithe ar Shráid an Pháláis, Droichead Átha (gleann luaidhe ar dhíon a dheisiú agus adhmad a athsholáthar); Ceann tuí ar Bhóthar Dhún Uabhair (comhdhlúthú na n-oibreacha. Ballaí láibe ar dheisiú ar adhmadóireacht sheachtrach); teach cónaithe ag The Slip, Ceann Chlochair (díon tuí nua) agus Teachín Bhaile an Rátha (ceann tuí a rinneadh in 2018 a chríochnú). Fuarthas cistiú €45,000, leis, faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil 2019 le haghaidh tionscadail, lena n-áirítear deisiúchán riachtanach ar Eaglais Pheadair, The Alleys, agus obair athchóirithe ar an staighre i dteach cathrach ón 18ú haois, Teach Barlow, Droichead Átha.

# Glasbhealach

Meastar go n-osclófar an bealach glas iomlán, ó Chairlinn go dtí an tlúr, go luath in 2023.

Tionóladh comhairliúchán poiblí i gCairlinn agus in Ó Méith i mí Feabhra 2019 agus san Iúr i Samhain 2019.



# Forbairt Gheilleagrach

## FÓRAS EACNAMAÍOCH LÚ

In 2019, lean Fóram Eacnamaíoch Lú (LEF), a bhuaigh duaiseanna, faoi cheannas Martin Cronin, de chomhpháirtíochtaí a thógáil agus de chultúir smaointeoireachta comhcheangailte a chothú chun tuilleadh forbartha geilleagraí agus cruthú post i Lú a éascú. Díríonn an fóram ar phríomhréimsí lena n-áirítear an turasóireacht agus an oidhreacht, infheistíocht dhíreach eachtrach, tionsclaíocht dhúchasach agus oideachas agus oiliúint. Pléadh roinnt pleananna/topaicí tábhachtacha ag na cruinnithe seo, lena n-áirítear an Breatimeacht agus Próiseas Comhairliúcháin Pleanála Straitéisí Dklt.

## SCÉIMEANNA PÍOLÓTACHA DO THIONSCNAIMH GHNÓ AOISCHAIRDIÚLA

Seoladh Treoirscéim do Thionscnamh Gnó Aoischairdiúil le haghaidh Sráid Chlann Bhrasaíl, Dún Dealgan, mar chuid de Erasmus. Imeacht Iolraitheora Thionscadal Eacnamúil Aoischairdiúil + i Meitheamh 2019. Bhí triúr thrádálaithe déag páirteach sa tionscnamh, a chuirfear ar fáil in áiteanna eile i nDún Dealgan le linn 2020.

## TAIRISCINTÍ DHROICHEAD ÁTHA

Cheadaigh comhaltaí Chomhairle Contae Lú Scéim Nua um Cheantar Feabhsúcháin Ghnó agus a thimpeallacht, tar éis vóta i nDeireadh Fómhair 2019. Cúig bliana a mhairfidh an scéim agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020..

## BRATACH CHORCRA DO DHROICHEAD ÁTHA

Bronnadh an Bhratach Chorcra cháiliúil ar Dhroichead Átha as caighdeán a gheilleagair tráthnóna agus oíche. Ba thoradh é sin ar iarratas ar an gCumann Bainistíochta Baile agus Cathrach faoi Scéim na Brataí Corcra.



# Turasóireacht

## SAMHRADH BHIA NA MARA I LÚ

Cheap CCL tionscnamh turasóireachta i gcomhar le hOifigeach Forbartha Bhia Ghleann na Bóinne chun aird a tharraingt ar chósta álainn Lú, ar a féilte bia agus ar chaighdeán an bhia mhara atá ar fáil sa cheantar. Ghlac 26 bhialann páirt in "Summer of Seafood in Louth" chun miasa éagsúla de bhia na mara agus comhábhair áitiúla a chur ar a gcuid biachlár.

## "SEA LOUTH" CONAIR SCÉIMHE BIA MARA

Thosaigh an fhorbairt i gcaitheamh 2009 ar "Sea Louth", tionscnamh nua turasóireachta agus eispéireas cuairteora chun aird a dhíriú ar chósta álainn Lú agus ar an mbia mara a bhí ar fáil sa cheantar. Aithníodh cur i bhfeidhm an chosáin bhia mara seo do Lú mar phríomhthiománaí fáis sna hearnálacha muirí, cósta agus turasóireacht bhia agus chun leas a bhaint as féidearthachtaí neamhúsáidte réigiún cósta an chontae. Tá sé seo leagtha amach i bPlean Gníomhaíochtaí Turasóireachta agus Oidhreachta Fhóram Eacnamaíoch Lú. Féachann "Sea Louth" le haird a dhíriú ar ghnéithe áille de chósta Lú, daoine a mhealladh isteach i mbialanna áitiúla a sholáthraíonn bia mara den scoth, cur le heispéireas an chuairteora sa chontae, agus an méid ama a chaitear ar chuairteanna a mhéadú.

Thacaigh Bord Iascaigh Mhara leis an tionscnamh seo, faoin Scéim Forbartha Áitiúil ar Iascach do Réigiún an Oirthuaiscirt, le cistiú €74,450. Seolfar "Sea Louth" in earrach 2020.

## STRAITÉIS BIA GHLEANN NA BÓINNE

D'aithin an National Geographic Traveller Gleann na Bóinne mar cheann de phríomhcheann scríbe bia an domhain in 2019, le hais cathracha Bologna san Iodáil, Cusco i bPeiriú, San Sebastien sa Spáinn agus Lyon na Fraince. Ina theannta sin, bronnadh an gradam 'Most Innovative Food or Beverage Marketing Campaign for a Destination' le déanaí ar Boyne Valley Flavours ag Gradaim an Chumainn Domhanda Taistil Bhia - Fálróid Bia 2019 as an réigiún a mhargú tríd an Boyne Valley Food Series. Mhéadaigh an bhallraíocht ar Boyne Valley Flavours in 2019, i measc táirgeoirí bia agus bialanna, i ngeall go páirteach ar Léarscáil Táirgeoirí a chur ar fáil, rud ar éirigh go seoigh leis. Rinne táirgeoirí bia agus bialanna sa cheantar ionadaíocht ar an réigiún i mórghradaim bia ar nós Blas na hÉireann, Great Taste agus Irish Food & Drink (Bia & Deoch na hÉireann).




IRELAND'S ANCIENT EAST
www.VisitLouth.ie


BOYNE VALLEY FLAVOURS
DISCOVER BOYNE VALLEY FLAVOURS
#BOYNE VALLEY FLAVOURS

# Féilte

## FÉILTE

D'oibrigh Comhairle Contae Lú in 2019 ar leas a bhaint as deiseanna turasóireachta Lú agus ar gheilleagair áitiúla an chontae a bhreisiú. Lean Comhairle Contae Lú dá thacaíocht d'eagróirí féilte áitiúla in 2019, leis an scéim deontais d'Fhéilte & Imeachtaí, mar ghné dá tacaíocht d'eagraithe imeachtaí áitiúla. D'éirigh le 15 iarratasóir cistiú a fháil faoin scéim seo. Cuireadh tacaíocht ar fáil d'imeachtaí éagsúla agus cuireadh iad le féilire imeachtaí bliana Lú.

## FÉILE PÚCA (OÍCHE SHAMHNA) 2019

Is é Púca féile nua Fáilte Ireland chun Éire a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar bhaile Oíche Shamhna, agus eagraíodh an fhéile i nDroichead Átha, in Áth Buí agus i gCaisleán Átha Troim le tacaíocht ó Chomhairle Contae Lú agus ó Chomhairle Contae na Mí.

Mar chuid den fhéile seo, eagraíodh roinnt imeachtaí ceoil agus cultúrtha i nDroichead Átha, le suiteálacha solais in áiteanna éagsúla sa bhaile, lena n-áirítear Geata San Labhrás, Cnoc an Mhuilinn agus Oifig Turasóireachta Halla an Bhaile. Thosaigh Paráid an Phúca ag an Seanmhainistir, Droichead Átha le taibhiú ó Kidkast, ansin chuaigh sé trasna Sráid na gCapall go Geata San Labhrás, suas go hEaglais Pheadair agus as sin go Halla na nAlbanach.

## FÉILTE EILE

Áth Fhirdhia agus Droichead Átha, Féile nua Nollag Dhroichead Átha 2019 agus Féilte Lá 'le Pádraig i nDún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia a fuair tacaíocht agus cistiú i gcónaí ó Chomhairle Contae Lú in 2019.







# An Oifig Eorpach & Trasteorann

Peace Northern Ireland - Ireland European Regional Development Fund EUROPEAN UNION

Comhairle Contae **Lú** **Louth** County Council




## CLÁR PEACE IV

Díríonn clár Peace IV i gContae Lú ar na grúpaí is mó atá buailte le hoidhreacht na dtrioblóidí agus na coinbhleachta: daoine óga agus seanóirí, mná, an pobal creidimh, íospartaigh agus daoine a tháinig slán, daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil nó meabhrach ag éirí as an bhforéigean, daoine a bhíodh ina bpríosúnaigh pholaitiúla agus daoine aslonnaithe.

Chuaigh feidhmiú na dtionscadal ar aghaidh go maith in 2019, agus bhí tionchar dearfach le sonrú, go háirithe i dtaca le tionscadail óige.

### Príomhphointí ó 2019:

1. **Clár Síochána Mhuirtheimhne Mór**
   Díríodh ar 200 duine óg trí chláir Cheannaireachta don Óige agus Cláir Saoránachta Gníomhaí inar díríodh ar chumas pearsanta agus pobail a neartú.
2. **Anti-Clockwise -** tionscadal mórscála trasteorann for-rochtana inar féachadh le leanaí i Lú agus in Ard Mhacha Theas a chumhachtú agus a saol a shaibhriú, trí dhaoine óga idir seacht mbliana agus 16 bliana ó scoileanna agus comharsanachtaí difriúla a thabhairt le chéile chun bheith páirteach i léiriú mórscála ceoil den scoth.
3. **Tionscadal Líonraithe na Comhairle Óige Trasteorann -** Daoine óga ó 'chaon taobh den teorainn a thabhairt le chéile chun dialóg a oscailt mar gheall ar fhadhbanna atá i bpáirt acu, agus tionscnaimh a cheapadh chun feasacht a mhúscailt, tionchar a imirt ar bheartas agus chun léargas ó dhearcadh uathúil daoine óga a thabhairt don chinnteoireacht. Is tionscadal uathúil e seo agus leanfar de líonra a fhorbairt idir Comhairlí Óige i Lú, an Cabhán, Muineachán, Dún Geanainn, Ard Mhacha, an tIúr agus Mórna.
4. **Idirghabhálacha Cruthaitheacha**
   Tionscadal trína léirítear athrú chun feabhais, rud éigin nuálach agus substaintiúil a bhogann i leith an athréitigh. Thug sé grúpaí éagsúla le chéile chun freastal ar sheisiúin oiliúna sa smaointeoireacht chruthaitheach, ina leabaítear an tsíochánaíocht mar ghné lárnach.
5. **Ó Oirialla go dtí an Breatimeacht**
   Sa tionscadal trasteorann seo ba leis na healaíona - ceol, filíocht, prós agus amharclannaíocht - a cuireadh deis ar fáil do dhaoine ó réigiún na teorann i Lú agus in Ard Mhacha chun a scéalta pearsanta agus stairiúla a roinnt ar a chéile, agus ceisteanna móra an lae inniu a phlé.
6. **Seirbhís Rannpháirtíochta agus Comharthaíochta**
   Chuir an tionscadal seirbhís speisialtóra for-rochtana ar fáil le linn 2019 do ghrúpaí daoine óga (16-24 bliana d'aois) atá i mbaol ar oícheanta deireadh seachtaine, trí dhul chun cainte leo faoina n-iompraíocht dhainséarach agus na tacaíochtaí agus na deiseanna atá ar fáil dóibh a chur ar a súile.

## MEABHRÁN TUISCEANA

Eagraíodh ceardlann éascaithe i nDeireadh Fómhair 2019 do gach ball den chomhchoiste, ar mhaithe lena Mheabhrán Tuisceana. Ba é cuspóir na ceardlainne na baill a thabhairt le chéile, mar aon leis na Foirne Ardbhainistíochta, chun féachaint ar ról iomlán an choiste agus an treo a bheidh aige feasta.

# Pleanáil

## AN PLEAN FORBARTHA CONTAE

Glacadh le hÉagsúlú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Lú 2015-2021 ar an 20 Bealtaine 2019, ina ndéantar soláthar do leasú ar Bheartas RD39 (Caibidil 3 Forbairt Tuaithe agus Acmhainní Nádúrtha).



Chuir Comhairle Contae Lú tús i Meán Fómhair 2019 le hathbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae reatha agus ar Phlean Forbartha Contae nua a ullmhú don tréimhse 2021-2027. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin réamhdhréachta ón Aoine 27 Meán Fómhair go dtí an Máirt 26 Samhain, agus fuarthas 244 aighneacht. Ullmhaíodh tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach le cur faoi bhráid na gcomhaltaí tofa.

## AIGHNEACHTAÍ

Tugadh freagraí in 2019 ar 22 iarratas ar aighneacht ar raon topaicí ó ghníomhaireachtaí/comhlachtaí eile, lena n-áirítear pleananna a éagsúlú, straitéis RSES, tuarascálacha scóipee/scagtha, creatphleananna agus treoirlínte.

# Oifig Áitiúil Fiontair (LEO)

Is é ról LEO Lú borradh a chur faoi fhorbairt na bhfiontar áitiúil, agus poist a chruthú i micrifhiontair agus i ngnólachtaí beaga. Tacaíonn sé le gnólachtaí nuabhunaithe, agus le micrifhiontair agus gnólachtaí beaga trí eolas, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht roghnach airgeadais a chur ar fáil dóibh. Cuireann LEO comhaontú leibhéal seirbhíse ar fáil d'Fhiontraíocht Éireann.

**Ceithre cholún** atá i gceist i ngníomhaíochtaí LEO Lú:

1. Seirbhísí Eolais agus Comhairle Gnó, lena n-áirítear Siopa Ilfhreastail a chur ar fáil do na fiontair bheaga agus mheánmhéide uile chun tacaíochtaí Stáit a fháil.
2. Seirbhísí Tacaíochta Fiontair, chun cumas gnó a uasmhéadu agus chun comhoibriú níos mó a chur chun cinn le Fiontraíocht Éireann.
3. Seirbhísí Tacaíochta Fiontraíochta, trí chultúr dea-chleachtais fiontair a chur chun cinn.
4. Seirbhísí Áitiúla Forbartha Eacnamúla, a chuireann raon na seirbhísí údaráis áitiúil agus tacaíochtaí ar fáil don lucht gnó agus a bhreisíonn an timpeallacht eacnamúil chun é a dhéanamh níos fusa gnó a dhéanamh i gContae Lú.

I measc thosaíochtaí 2019 do LEO Lú bhí cabhrú le gnólachtaí áitiúla ullmhú do thionchar an Bhreatimeachta; agus raon na seirbhísí agus na dtacaíochtaí atá ar fáil go háitiúil agus go náisiúnta chun dul i ngleic le dúshláin ghnó a chur chun cinn.

I measc thionscnaimh LEO 2019 bhí:

- Seachtain Fiontraíochta Áitiúla 2019.
- Leanuint de ***Straitéis Bhia Lú/na Mí*** a chur ar fáil.
- Clár LEAN for Micro a chur ar fáil.
- Rannpháirteachas i ngeilleagar Aoischairdiúil le cistiú AE, dírithe ar FBManna a ullmhú do mhargadh na ndaoine atá ag dul in aois.








Is cuid d'fhís Lú é bheith mar chatalaíoch agus mar thacadóir chun cultúr fiontraíochta dea-chleachtais a i measc gnólachtaí tosaigh, micrighnólachtaí agus gnólachtaí beaga; agus an fhiontraíocht agus an fhéinfhostaíocht a chur chun cinn mar rogha mhaith gairme i measc an phobail i gcoitinne. Cuireadh an cuspóir seo i bhfeidhm in 2019 trí raon leathan clár, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear: oiliúnt Cuir Tús le do Ghnó Féin, tacaíochtaí meantóireachta agus cúnamh d'Ionaid Fiontair.

Déanann LEO Lú rannpháirteachas óige a éascú go díreach tríd an gClár Fiontraíochta do Mhic Léinn. Bhí 19 scoil dara leibhéal sa chontae, ina bhfuil breis is 1,100 dalta, páirteach i gClár Fiontraíochta na nDaltaí le linn 2019.

Tacaíonn LEO le fiontraíocht i measc an aosa óig trí Fhiontraí Óg na hÉireann:

- bhí 48 fiontraí óga ó Lú páirteach in IBYE (Fiontraí Óg na hÉireann) in 2019.
- Bhí triúr fiontraithe as Lú páirteach sa chraobh Réigiúnach.
- Rinne beirt fiontraithe óga ó Lú ionadaíocht do Réigiún an Oirthuaiscirt sa Chraobhchomórtas Náisiúnta i gCeannáras Google i Meán Fómhair.

Riarann LEO Lú Clár na nDearbhán Trádála ar Líne thar ceann na Roinne Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil, chun tacú le gnólachtaí chun bheith páirteach i ndíolacháin ríomhthráchtála. Fuarthas 41 iarratas ar Dhearbhán Trádála ar Líne agus ceadaíodh 33 iarratas in 2019.

D'oibrigh LEO Lú i gcomhpháirtíocht le Mirea-airgeadais Éireann (MFI) chun Ciste Iasachtaí Micrifhiontar an Rialtais a chur ar fáil. Cuireadh deich gcinn d'iarratais ar Mhicrea-airgeadas Éireann faoi bhráid LEO Lú in 2019.

Cruthaíodh 199 post san iomlán mar thoradh díreach ar dheontais a ceadaíodh agus ar fhás i ngnólachtaí cliaint. Pléadh le 620 fiosrú tionscadail, agus d'fhreastail 1,195 rannpháirtí ar 63 ar oiliúint gnó, ar sheimineáir agus ar chláir forbartha bainistíochta.










OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL IN AMHARC AMHÁIN

**620 IARRATAS TIONSCADAL** LÁIMHSITHE

**200** POST CRUTHAITHE

**19 SCOIL** RANNPHÁIRTEACH I gCLÁR **FIONTRAÍOCHTA** NA SCOILEANNA

**5** CHLIANT AISTRITHE GO PUNANN FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN

**1,195** RANNPHÁIRTÍ **A d'FHREASTAIL AR 63** SEIMINEÁR OILIÚNA GNÓ

**69** GNÓ A FUAIR MEANTÓIREACHT FAOIN **mBREATIMEACHT**

**€332,975** I NDEONTAIS MAOINITHE CEADAITHE

**393** SEISIÚN MEANTÓIREACHT CURTHA AR FÁIL

**10** IARRATAS AR IASACHT **MICRIFHIONTAIR** CURTHA ISTEACH

**5** CHUIDEACHTA A BHÍ PÁIRTEACH I dTIONSCADAL **LEAN FOR MICRO**

# 5

## OIBRÍOCHTAÍ AGUS BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA / COMHSHAOL

Bainistíonn rannóg Oibríochtaí agus Bainistíocht Dramhaíola / Comhshaoil Chomhairle Contae Lú mórchuid de na seirbhísí is infheicthe a sholáthraíonn an Chomhairle, lena n-áirítear cothabháil agus feabhsúcháin ar bhóithre, cothabháil ár bpáirceanna poiblí agus clóis súgartha a bhfuil duaiseanna buaite acu, cothabháil calafort, piaraí agus reiligí ar fud an chontae. I measc na seirbhísí eile a chuir an rannóg ar fáil bhí seirbhísí tréidliachta, seirbhís maor bruscair, banc buidéal agus seirbhísí athchúrsála, bainistíochta tráchta, seirbhísí pápháirceála, trádáil ócáideach sa chontae, glanadh sráideanna agus seirbhísí poiblí bosca bruscair.





Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

## OIBRÍOCHTAÍ IN AMHARC AMHÁIN

**€280,000** CAITE AR CHOTHABHÁIL **COSÁN**

**€9M** CAITE AR **BHÓITHRE** A FHEABHSÚ, A CHOTHABHÁIL AGUS A DHEISIÚ

**14 BHEART MAOLAITHE TRÁCHTA** DÉANTA AR FUD AN CHONTAE

**7,000** CLASÁN GLANTA

**€370,000** CAITE AR DHEISIÚ POLL

**9 bPÁIRC** AGUS **30 CLÓS SÚGARTHA** COTHABHÁILTE

**13,700** SOLAS POIBLÍ COTHABHÁILTE

**45,000KM** DE SCUABADH BÓITHRE

**128** CEADÚNAS **IMEACHTA** EISITHE

**€425,000** INFHEISTITHE I 7 SCÉIM RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL I LÚ

# Cothabháil agus Feabhsú Bóithre


